An Garda Síochána

# Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail

Garda.ie




## CONTENTS


| | |
|---|---|
| 1 | Achoimre Fheidhmeach |
| 3 | Réamhrá |
| 10 | Íospartaigh na coireachta |
| 14 | Sásamh sa tseirbhís a cuireadh ar fáil sa phobal áitiúil |
| 17 | Tosaíochtaí i gcomhair an Gharda Síochána |
| 21 | Muinín sa Gharda Síochána |
| 25 | Tuiscintí ar an nGarda Síochána |
| 32 | Achoimre |

# Achoimre Fheidhmeach

**Scrúdaíonn an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail tuairimí na ndaoine i dtaobh na coireachta agus i dtaobh ábhair a bhaineann le póilíneacht.**

Is suirbhé é ar 6,000 freagróir a thugann tuiscintí ar an daonra go náisiúnta ar bhonn aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúnta. Rinneadh an suirbhé le linn 2015. Áirítear ar na hábhair a clúdaíodh:

- **Tuiscintí ar an gcoireacht (go náisiúnta agus go háitiúil).**
- **Leibhéil sásaimh i measc íospartaigh na coireachta.**
- **Leibhéil sásaimh i measc na bhfreagróirí uile maidir leis an tseirbhís póilíneachta a chuirtear ar fáil dá bpobal áitiúil féin.**
- **Cén cineálacha coire ar mhaith leis na freagróirí go dtabharfaidh na Gardaí tosaíocht dóibh.**
- **Muinín sa Gharda Síochána.**
- **Tuiscintí ar chumas agus ar éifeachtacht na heagraíochta.**




**Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht ar bhonn náisiúnta, chreid formhór na bhfreagróirí gur fhadhb thromchúiseach a bhí ann. In ainneoin sin, nuair a fiafraíodh díobh faoina gceantar áitiúil féin, níor cheap siad gur fhadhb thromchúiseach a bhí ann.**

- Nuair a fiafraíodh díobh faoin gcoireacht go náisiúnta, dúirt 31 faoin gcéad de na freagróirí gur fhadhb fhíorthromchúiseach í, 45 faoin gcéad gur fhadhb thromchúiseach í, 19 faoin gcéad gur fhadhb de shórt éigin í agus 2 faoin gcéad nach fadhb í.
- Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht ina gceantar áitiúil féin bhí laghdú ann i dtaobh a thromchúisí agus a chreid siad go raibh fadhbanna coireachta. Bhí 70 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb fhíorthromchúiseach í, 24 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb thromchúiseach í, 46 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb de shórt éigin í agus dúirt 21 faoin gcéad nach fadhb í.

**Bhí aon déag faoin gcéad de na freagróirí ina n-íospartach na coireachta le 12 mhí anuas. Bhí formhór na n-íospartach sásta faoin mbealach ar láimhseáladh na heachtraí, bhí mionlach suntasach ann áfach nach raibh sásta.**

- Bhí 682 íospartach na coireachta ann, a léiríonn ráta íosparta 11% sa sampla ar an iomlán.
- Ba iad na príomhchoireanna a raibh taithí acu ar ná buirgléireacht (25%), damáiste coiriúil (19%), ionsaithe agus rothair a goideadh (ráta 9% ag ceachtar acu).
- Níor thuairiscigh gach duine a bhí ina íospartach na coireachta an choir do na Gardaí. I measc 682 íospartach na coireachta níor thuairiscigh 174 íospartach (nó 26% de na híospartaigh) faoin eachtra. Ba iad na príomhchúiseanna nár tuairiscíodh coir ná gur chreid na freagróirí nach bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi, nach ndéanfadh na Gardaí aon rud faoi nó nach raibh an eachtra tromchúiseach a dhóthain lena thuairisciú.
- Nuair a fiafraíodh d'íospartaigh na coireachta chun cur síos a dhéanamh ar an mbealach ar láimhseáil an Garda Síochána eachtra coire bhí an mhórchuid sásta (57%). Ina dhiaidh sin féin, bhí 41 faoin gcéad míshásta.
- Bhí formhór na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a fuair siad chomh maith ó thaobh freastal tapa na nGardaí ar an eachtra, ainm an Gharda fhiosraithe agus a t(h)eagmhálaí ag stáisiún na nGardaí áitiúil a fháil. Ina dhiaidh sin féin, níor chuimhnigh ach líon beag de na freagróirí uimhreacha

coireachta/ uimhreacha PULSE a fháil (34%) agus eolas faoi línte cabhracha/seirbhísí cabhracha íospartaigh a fháil (33%)

- Ba mhó seans go bhfeicfeadh íospartaigh na coireachta ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach go háitiúil i gcomparáid leis na daoine nár íospartaigh na coireachta iad.

**Tríd is tríd, bhí na freagróirí sásta nó fíorshásta leis an tseirbhís a chuireann an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil.**

- Bhí seachtó faoin gcéad de na freagróirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil dá bpobal áitiúil. Bhí fiche a trí faoin gcéad míshásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil.
- Tá tuiscintí ar an gcoireacht bainteach le sásamh i dtaobh na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil. De réir mar a thagann feabhas ar na tuiscintí atá ann ar chúrsaí coireachta, agus níos mó freagróirí á rá nach fadhb é, tá méadú ann chomh maith i dtaobh sásaimh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil.
- Bhí laghdú measartha ann i dtaobh daoine a bheith sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil i gcás íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ann i gcás daoine nár íospartaigh na coireachta iad.

**Ba mhaith leis na freagróirí go ndíreoidh an Garda Síochána ar choir in aghaidh an duine níos mó ná cineálacha coire eile.**

- Dúirt freagróirí go raibh tosaíocht ní b'airde ag baint le coireanna in aghaidh an duine (ionsaithe gnéis, gáinneáil ar dhaoine agus ionsaithe) dar leo ná coireanna i leith réadmhaoine.
- Nuair a fiafraíodh de na freagróirí smaoineamh ar 'Coireanna ar bhain tosaíocht íseal leo', ba iad na cinn ba choitianta Ord Poiblí (16 faoin gcéad de na freagróirí), Cionta Tráchta (6%) agus Damáiste Coiriúil (4%).
- Cé go raibh roinnt éagsúlachtaí ann i ngach aois grúpa, grúpa inscne agus grúpa aicme sóisialta ba í an phríomhthosaíocht a bhí ann ná cionta gnéis.
- Déanann íospartaigh na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad cionta gnéis a aithint mar an phríomhthosaíocht a bhfuil acu chun go ndíreoidh an Garda Síochána uirthi.
- I gcás a bhfuil an duine ina íospartach na coireachta (de réir ár n-anailíse - i gcás buirgléireachta agus damáiste coiriúil) níl tionchar aige sin ar thosaíocht níos airde a thabhairt air.

**Bhí leibhéil shuntasacha muiníne idir meánleibhéil go hardleibhéil ag freagróirí sa Gharda Síochána.**

- Bhí muinín mheánleibhéal go hardleibhéal ag ochtó a cúig faoin gcéad de na freagróirí.
- Bhain muinín le tuiscintí ar an gcoireacht. Bhí an dá rud ag teacht le chéile, tháinig méadú ar leibhéil muiníne agus tháinig laghdú ar thuiscint ar an gcoireacht mar fhadhb.
- Laghdaigh an íospairt leibhéil muiníne sa Gharda Síochána, bhí leibhéil ní b'ísle muiníne ag íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ag daoine nár íospartaigh na coireachta iad.
- Tá ceangal ann chomh maith idir muinín agus sásamh i dtaobh an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil. D'ardaigh leibhéil sásaimh agus leibhéil muiníne araon ag an am céanna.

**Bhí dearcadh dearfach ag freagróirí ar an eagraíocht sa chomhthéacs gur eagraíocht chairdiúil, chuidiúil, cheannródach agus dírithe ar an bpobal í. Ina dhiaidh sin féin, easaontaíonn formhór na bhfreagróirí go gcuireann an Garda Síochána seirbhís den chéad scoth ar fáil, go ndéantar bainistiú maith ar an eagraíocht agus go bhfuil an Garda Síochána éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht.**

- Aontaíonn formhór na bhfreagróirí go bhfuil baill den Gharda Síochána 'Cairdiúil nó cuidiúil' (81 faoin gcéad de na freagróirí), go bhfuil an Garda Síochána 'Dírithe ar an bPobal' (61%), ''Nua-aimseartha nó ceannródach' (59%) agus 'Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht' (59%). I gcás na dtrí ghrúpa deiridh d'easaontaigh thart ar aon trian de na freagróirí leis an ráiteas.
- Dúirt mionlach de na freagróirí go ndearna an Garda Síochána 'Seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil' (38%) nó go ndearna 'Bainistiú maith' ar an eagraíocht (47%).
- Bhí ceangal ann idir tuiscintí ar an gcoiriúlacht agus dearcadh na bhfreagróirí ar an eagraíocht. De réir mar a laghdaíonn an tuiscint ar fhadhb na coireachta, tagann méadú ar leibhéil an aontaithe i dtaobh na ráiteas.
- I gcoitinne, bhí leibhéil aontaithe ní ba ísle ag íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ag daoine nár íospartaigh na coireachta iad. Ba iad na difríochtaí ba shuntasaí i leibhéil aontaithe ná na ceisteanna i dtaca lena bheith dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht.
- Bhain sásamh maidir le soláthar seirbhíse sa phobal áitiúil le leibhéil ní b'airde aontaithe sna sé ráiteas. Tháinig méadú ar leibhéil sásaimh agus leibhéil aontaithe i dtaobh na sé ráiteas ag an am céanna.
- Bhain muinín leis na sé ráiteas chomh maith. Tháinig méadú ar leibhéil muiníne agus leibhéil aontaithe i dtaobh na sé ráiteas ag an am céanna.

# Réamhrá

## Suirbhé nua ar dhearcadh i gcomhair an Gharda Síochána

Thug an Garda Síochána faoi shuirbhéanna ar an mórchóir ar dhearcadh an phobail le Suirbhé na nGardaí ar Dhearcadh an Phobail. Bhí suirbhéanna ann in 2002, 2005, 2006, and 2008 ina raibh sampla 10,000 freagróir ann. Bhí an sampla curtha le chéile sa bhealach go raibh 400 freagróir ann i ngach ceann de na 25 rannóg de na nGardaí. Bhí suirbhéanna lena chois sin in 2003 agus in 2004 bunaithe ar shampla ní ba lú ina raibh 1,000 freagróir ann.

Clúdaíodh raon ceisteanna sna suirbhéanna lena n-áirítear:

- Sásamh i dtaobh seirbhís na nGardaí don phobal.
- Íospairt coireachta.
- Sásamh i dtaobh an teagmháil tríd is tríd leis na Gardaí.
- Infheictheacht na nGardaí.
- Cé chomh maith agus a bhí na Gardaí ag déanamh a gcuid oibre sa cheantar.
- Tosaíochtaí póilíneachta an phobail.
- Caidreamh idir na Gardaí agus an pobal.
- Dearcadh ar shábháilteacht agus ar eagla roimh an gcoireacht.

I ndiaidh tuarascáil 2008 cuireadh deireadh leis an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail. Ina dhiaidh sin féin, cuireadh tús le suirbhé nua in 2014 chun dearcadh an phobail a thomhas. Bheadh sé seo éagsúil, áfach, ó Shuirbhéanna na nGardaí ar Dhearcadh an Phobail a bhí ann roimhe sin.

- Rinneadh an Suirbhé nua ar Dhearcadh an Phobail chun go mbeadh sé á dhéanamh ar bhonn leanúnach (is é sin go ndéantar an daonra a scrúdú i gcónaí) agus tuairiscítear go hinmheánach in aghaidh an ráithe agus foilseofar figiúirí uair sa bhliain. Rinne an suirbhé a bhí ann roimhe seo sampláil le haghaidh tréimhse shocraithe sa bhliain. Is é an buntáiste a bhaineann lena reáchtáil ar bhonn rathúil ná go gcuireann sé eolas cothrom le dáta ar fáil atá níos cruinne ar phríomh-mhéadracht i gcomhair bhainistíocht na nGardaí. Féadfaidh é a úsáid go tapa chomh maith chun iniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna tráthúla, a chuireann eolas atá cothrom le dáta ar fáil do bhainistíocht na nGardaí arís eile.
- Is sampla 6,000 freagróir sa bhliain é murab ionann is 10,000 freagróir sa bhliain mar a bhí ann i gcás na suirbhéanna roimhe seo. Ina dhiaidh sin féin, tugann an sampla léargas náisiúnta fós. Mar atá luaite thuas, déantar an suirbhé a reáchtáil ar bhonn rathúil sa shampla bliantúil de 6,000 freagróir tá ceithre bhabhta de 1,500 freagróir ann le linn ráithe féilire.
- Dearadh é chun torthaí a chur ar fáil ar leibhéal Réigiúnach i gcás an suirbhé a bhí ann roimhe dearadh é chun torthaí áirithe ardleibhéil a chur ar fáil ar leibhéil Rannóige.
- Cé go bhfuil roinnt ceisteanna den ábhar céanna ann agus a fiafraíodh sa suirbhé roimhe seo, tá réimse níos teoranta ceisteanna ann ag an Suirbhé nua ar Dhearcadh.

## Conas a dhéantar an Suirbhé nua ar Dhearcadh an Phobail?

Tugann Amárach Research faoin suirbhé, rinne Amárach Research a choimisiúnú i ndiaidh próiseas tairisceana poiblí iomaíoch a bheith ann. Dearadh an ceistneoir i gcomhar leis an nGarda Síochána agus Amárach Research. Rinneadh na ceisteanna a thástáil sular cuireadh isteach sa suirbhé faoi dheireadh thiar iad. Rinneadh an suirbhé ar bhonn píolótach i dtús mhí Dheireadh Fómhair agus rinneadh é a thabhairt chun críche ní ba dhéanaí sa mhí chéanna.

Chlúdaigh an ceistneoir deiridh raon réimsí lena n-áirítear:

- Dearcadh na bhfreagróirí i dtaobh cé chomh mór agus a bhí fadhb na coireachta ar bhonn náisiúnta agus ina bpobal áitiúil féin.
- I gcás gur íospartach na coireachta an fhreagróra, cé chomh sásta agus a bhí sé/sí leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil.
- I gcás gach freagróra, fiafraíodh de/di cé chomh sásta agus a bhí sé/sí leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil ina p(h)obal áitiúil.
- Cad a cheap na freagróirí gur cheart a bheith mar thosaíochtaí póilíneachta ag an nGarda Síochána.
- Muinín na bhfreagróirí sa Gharda Síochána.
- Tuiscintí i gcoitinne na bhfreagróirí ar an eagraíocht.

Ina theannta sin, cuireadh ceisteanna chun raon leathan eolais dhéimeagrafaigh a chuimsiú sa cheistneoir.

Is sampla é de dhaoine fásta ocht mbliana déag d'aois agus os a chionn agus rinneadh é chun léargas ar bhonn náisiúnta a thabhairt. Tá rialuithe cuótaí i bhfeidhm lena chinntiú go dtugtar léargas ar an daonra de réir inscne, aoise, aicme shóisialta, reiligiúin agus náisiúntachta. Tá an sampla ualaithe chomh maith nuair a dhéantar anailís lena chinntiú go bhfuil sé ag teacht leis an daonra náisiúnta. Cuirtear miondealú ar an sampla ar fáil i dtábla 1.

**Tábla 1: Sampla Próifíl**

| Inscne | Aois | Aicme Shóisialta | Réigiún |
|---|---|---|---|
| Fir **49%** | 65+ **15%** | AB **13%** | Baile Átha Cliath **28%** |
| Mná **51%** | 55-64 **14%** | C1 **28%** | ROL **28%** |
| | 45-54 **17%** | C2 **21%** | Cúige Mumhan **27%** |
| | 35-44 **20%** | DE **31%** | Cúige Chonnacht/Cúige Uladh **17%** |
| | 25-34 **22%** | F **7%** | |
| | 18-24 **12%** | | |
| **Ceantar** | **Náisiúntacht** | **Eitneacht** | **Reiligiún** |
| Uirbeach **63%** | Éireannach **87%** | Cugasach Éireannach **87%** | Caitliceach Rómhánach **82%** |
| Tuaithe **37%** | Polannach **3%** | Cugasach Eile **9%** | Eaglais na hÉireann **2%** |
| | UK **3%** | Áiseach Eile **1%** | Ioslam **1%** |
| | Eile **2%** | | Eile **3%** |
| | an Liotuáin **1%** | | Gan Reiligiún **11%** |
| | | | Diúltaíodh **1%** |

Tá 200 pointe samplála ar an iomlán ann. Roghnaíodh iad ó bhunachar sonraí de thart ar 3,500 Toghranna Ceantair/ Toghbhardaí Ceantair. Ní úsáidtear gach pointe samplála ag an am céanna déanta na fírinne. Déantar caoga pointe a shampláil gach mí agus tugtar cuairt ar gach pointe samplála trí huaire sa bhliain (mar a chuirtear béim air thuas, déantar an suirbhé chun pointí samplála inmheánacha a chur ar fáil ar bhonn rathúil agus laghdaíonn pointí samplála leanúnacha mar seo earráid de thoradh samplála).

Srathaítear na pointí samplála de réir dháileadh an daonra ag baint úsáid as na catagóirí seo a leanas:

- Cathracha agus bruachbhailte Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh, Phort Láirge agus na Gaillimhe.
- Bailte a bhfuil daonra 10,000 ann ach nach bhfuil ina gcathrach ná ina mbruachbhaile.
- Bailte a bhfuil daonra 5,000 go 9,999 ann.
- Bailte a bhfuil daonra 1,500 go 4,999 ann.
- Ceantair a bhfuil daonra níos lú ná 1,499 ann.

Roghnaítear na freagróirí ag baint úsáid as cuir chuige siúlóide randamaí (i.e. roghnaíonn agallóirí pointe tosaithe agus téann siad chuig gach teach ag achar socraithe - nó ag achar aon cheathrú míle amháin i gceantar tuaithe – go dtí go n-aimsítear freagróir incháilithe). Déantar an suirbhé le hagallamh aghaidh ar aghaidh. Bíonn an suirbhé i dteach cónaithe an fhreagróra. Déantar agallaimh le linn an lae (tá dhá sheal agallóirí ann agallóirí a imlonnaítear idir 10am agus 2pm agus ansin idir 2pm agus 8pm) lena chinntiú go bhfuil réimse cothrom agallamh ann i ngach grúpa.

Chun críocha na tuarascála seo, is é 2015 an tréimhse samplála. Is ceart a thabhairt faoi deara le linn na tréimhse seo bhí athrú ann sa bhealach a mbailíodh na sonraí. Sa chéad chuid den suirbhé rinneadh na freagraí suirbhé a thaifeadadh agus Agallaimh Phearsanta Ríomhchuidithe a chur ar dhaoine. Idir Aibreán agus Bealtaine 2015 aistríodh na sonraí a bailíodh ó ríomhaire glúine go táibléad.

## Táblaí agus figiúirí a léirmhíniú

Féadfaidh méideanna beaga samplála torthaí neamhiontaofa a chur ar fáil agus tá fadhbanna rúndachta ann chomh maith. Mar sin, i gcás mhéid aon chille ina bhfuil líon níos lú ná 30 freagróir ualaithe ann léirítear é seo le líne (-). Tá roinnt táblaí ann sa tuarascáil seo a scrúdaíonn athrú le himeacht aimsire Déantar aon athrú le himeacht aimsire a thomhas i gcomhair tábhacht ó thaobh staidrimh de. Déantar é seo ag an leibhéal cúig faoin gcéad agus tá athruithe suntasacha staidrimh marcáilte le réiltín sna táblaí (*). Mar bhuille scoir i ngach colún ina n-úsáidtear céatadáin ann ní hionann sin agus 100% san iomlán. Tá sé seo de bharr figiúirí a shlánú suas.

Ós rud é gur suirbhé ar shampla randamach den daonra é ní mór dúinn glacadh leis go mbeidh roinnt lamháil earráide. Rinneadh é seo a ríomh ag +/- 1.1% don sampla iomlán de 6,000 freagróir. Is é is ciall leis seo go bunúsach ná nuair atá figiúirí á dtuairisciú againn i gcomhair an tsampla ar an iomlán, cuir i gcás a n-aontaíonn 80% de na freagróirí leis an ráiteas, is é an fíorluach luach éigin idir 78.9% agus 81.1%. Is fiú a thabhairt faoi deara toisc go ndéantar an anailís ar sciartha níos lú go dtagann méadú ar lamháil earráide. Ba cheart é seo a thabhairt san áireamh nuair atá méideanna samplála níos lú á scrúdú (mar shampla, íospartaigh na coireachta).

Baineann na táblaí úsáid as miondealú ar na haicmí sóisialta mar a úsáideann cuideachtaí taighde margaidh. Ar mhaithe leis an léirmhíniú, leagtar amach an sainmhíniú ar na haicmí sóisialta seo sa tábla thíos. Bristear síos na freagraí chomh

maith sna táblaí de réir ceantar tíreolaíoch, lena n-áirítear ceantar cathrach, ceantar uirbeach eile agus ceantar tuaithe. Cathairbhuirgí is ea na ceantair chathracha, ceantar uirbeach eile is ea aon cheantar a bhfuil daonra idir 1,500 agus 10,000 ann, agus tá daonra níos lú ná 1,500 sna ceantair tuaithe. Fiafraítear de na freagróirí sa suirbhé chomh maith cé chomh cóngarach agus atá a stáisiún Gardaí dóibh – is léir go bhfuil na freagraí bunaithe ar mheastacháin.

**Tábla 2: Sainmhínithe ar ghrúpaí aicme shóisialta**

| Aicme Shóisialta | Cur síos |
|---|---|
| A | Ardbhainistíocht, duine gairmiúil. |
| B | Meánbhainistíocht, duine gairmiúil, cuntasóir. |
| C1 | Maoirseacht nó cléireachais, bainisteoir sóisearach, Altra, Múinteoir, ionadaí díolacháin úinéir siopa, caomhnóir Mac léinn |
| C2 | Oibrí láimhe oilte (e.g. Bríceadóir Oilte, Cearpantóir Oilte, Pluiméir Oilte, Péintéir Oilte, Tiománaí Bus Oilte, Tiománaí Otharchairr Oilte, Tiománaí HGV Oilte, Póilín Patróil AA Oilte, Tábhairneoir Oilte, Gruagairí Oilte, Feisteoir oilte |
| D | Obair láimhe leathoilte nó neamhoilte (e.g. Oibrithe láimhe, gach printísigh i gcomhair ceird oilte, Feighlí, Coimeádaí páirce, tiománaí neamh-HGV, cúntóir siopa) Fear poist, Bearbóir, tiománaí tacsaí, Freastalaí beáir, Oibrí sealadach (nach bhfuil i bhfostaíocht bhuan) |
| E | Bean Tí/ Fear Tí. Ar scor agus ag maireachtáil ar phinsean stáit. Dífhostaithe nó nach bhfuil ag obair de bharr galar ainsealach. Cúramóir lánaimseartha nó ball eile líon tí. |
| F | Feirmeoir |

## Struchtúr na tuarascála

Bristear an tuarascáil seo síos sna codanna seo a leanas:

- Is é is tús leis an tuarascáil féachaint ar thuiscintí na bhfreagróirí ar an gcoireacht in Éirinn agus ina gceantar áitiúil féin. Cé chomh tromchúiseach agus a ghlac siad leis go bhfuil an fhadhb.
- Leantar ar aghaidh ag féachaint ar thaithí íospartaigh na coireachta. Go háirithe, cén cineál íospartha a raibh taithí acu air, ar thuairiscigh siad an choir do na Gardaí (agus mura ndearna cén fáth) agus a sásamh i dtaobh an gcaoi ar dhéileáil na Gardaí leis an eachtra.
- Déantar é a leathnú ansin chun féachaint ar leibhéil sásaimh na bhfreagróirí ar fad de réir an tseirbhís a cuireadh ar fáil sa phobal áitiúil.
- Scrúdófar sa suirbhé chomh maith cad iad tosaíochtaí an phobail – cad a theastaíonn uathu go ndíreoidh na Gardaí air?
- Déantar scrúdú sa chuid deiridh ar na leibhéil muiníne sa Gharda Síochána chomh maith le scrúdú a dhéanamh ar dhearcadh na bhfreagróirí ar chumas agus éifeachtacht na heagraíochta.

## Forbairtí amach anseo

Beidh roinnt forbairtí amach anseo ann agus beidh obair sa bhreis ann i gcomhair 2016:

- Beidh dhá cheist sa bhreis i suirbhé 2016. Ar an gcéad dul síos, ceist faoi infheictheacht póilíneachta, ag féachaint an mbraitheann daoine go ndéanann na póilíní áitiúla patról ar a gceantar féin go rialta. Ar an dara dul síos, ceist faoi eagla na bhfreagróirí roimh an gcoireacht agus an tionchar atá aige ar a gcaighdeán saoil.
- Tugann an Suirbhé ar Dhearcadh an Phobail meon na bhfreagróirí i dtaobh raon ceisteanna. Ina dhiaidh sin féin, níl leagan amach an cheistneora oiriúnach i gcónaí chun scagadh a dhéanamh ar fhreagraí na bhfreagróirí agus na cúiseanna atá taobh thiar de na freagraí a mheas. Mar sin, tabharfar faoi thuilleadh obair cháilíochtúil. Díreofar seo ar an mbunús atá le taithí an fhreagróra a thuiscint.
- Ciallaíonn an chaoi a bhfuil suirbhéanna go bhfuil deacrachtaí ann dearbhuithe a dhéanamh i gcás grúpaí níos lú, mar shampla grúpaí eitneacha mionlaigh. Déanfar iniúchadh ar roghanna chun tuiscintí agus taithí grúpaí eitneacha mionlaigh a bhailiú.


# Tuiscintí ar an gCoireacht in Éirinn

**Fiafraíodh de na freagróirí sa suirbhé cé chomh tromchúiseach agus a chreid siad a bhí an choireacht in Éirinn. Fiafraíodh dhá cheist díobh. Ar an gcéad dul síos, cé chomh tromchúiseach agus a mheas siad go raibh an choireacht ar bhonn náisiúnta? Ar an dara dul síos, cé chomh tromchúiseach agus a mheas siad a bhí an choireacht ina gceantar áitiúil féin?**

## Tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn: go náisiúnta agus go háitiúil

Fiafraíodh de na freagróirí faoina dtuairimí i dtaobh cé chomh tromchúiseach agus a bhí an choireacht in Éirinn. Ar an iomlán, dúirt 31 faoin gcéad de na freagróirí gur fhadhb fhíorthromchúiseach í an choireacht, 45 faoin gcéad gur fhadhb thromchúiseach í, 19 faoin gcéad gur fhadhb de shórt éigin í agus 2 faoin gcéad nach fadhb í (féach ar fhigiúr 1). Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht ina gceantar áitiúil féin bhí laghdú ann ar a thromchúisí agus a chreid siad go raibh fadhbanna coireachta. Ar an iomlán, bhí 7 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb fhíorthromchúiseach í, 24 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb thromchúiseach í, 46 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb de shórt éigin í agus dúirt 21 faoin gcéad nach fadhb í.

**Figiúr 1: Tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn**




Mar a luadh sa réamhrá, déantar an suirbhé ar bhonn rathúil lenar féidir athrú le himeacht aimsire a thomhas. Feictear ar athruithe sa tuiscint ar an gcoireacht in Éirinn de réir ráithe i dtábla 3. Le linn na tréimhse ar an iomlán, bhí méadú suntasach staidrimh ann i dtaobh tuiscintí ar an gcoireacht mar fhadhb fhíorthromchúiseach agus bhí laghdú ann sa líon daoine a dúirt gur fhadhb de shórt í. Ní raibh aon athruithe ann idir Q1 agus Q4 i gcás na ngrúpaí eile. Scrúdófar athruithe sa tuiscint ar an gcoireacht de réir ceantar áitiúil i dtábla 4. I gcomparáid le cúrsaí náisiúnta tá cobhsaíocht mheasartha ann i dtaobh thuiscintí na bhfreagróirí ar an gcoireacht go háitiúil.

**Tábla 3: Athruithe ar thuiscintí ar an gcoireacht de réir ráithe**

| | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | Tábhacht staitistiúil |
|---|---|---|---|---|---|
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 27% | 31% | 32% | 35% | ✱ |
| Fadhb thromchúiseach í | 44% | 46% | 47% | 43% | |
| Fadhb de shórt éigin í | 23% | 19% | 17% | 18% | ✱ |
| Ní fadhb í | 2% | 2% | 2% | 2% | |
| Ní fios/ Gan freagra | 4% | 1% | 2% | 2% | |

✱ *Seasann d'athrú tábhachtach a bhí ann go staitistiúil*

**Tábla 4: Athruithe ar thuiscintí ar an gcoireacht sa cheantar áitiúil de réir ráithe**

| | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | Tábhacht staitistiúil |
|---|---|---|---|---|---|
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 6% | 7% | 7% | 7% | |
| Fadhb thromchúiseach í | 22% | 25% | 25% | 24% | |
| Fadhb de shórt éigin í | 48% | 43% | 45% | 47% | |
| Ní fadhb í | 20% | 23% | 22% | 21% | |
| Ní fios/ Gan freagra | 3% | 2% | 2% | 2% | |

✱ *Seasann d'athrú tábhachtach a bhí ann go staitistiúil*

## Tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn de réir grúpaí socheacnamaíocha agus grúpaí ceantair

Tá raon eolais dhéimeagrafaigh sa Suirbhé ar Dhearcadh a fhéadfaidh a úsáid chun tuiscintí a fhiosrú tuilleadh. Cuirtear miondealú ar na freagraí ar fáil i dtábla 5 de réir inscne, aoise, aicmí sóisialta agus náisiúntachta. Léiríonn é seo:

- **Inscne:** ba mhó seans ba chosúil go gcreidfeadh mná gur fhadhb í an choireacht in Éirinn ná mar a chreidfeadh fir. Dúirt 79 faoin gcéad de na freagróirí mná gur fhadhb í an choireacht i gcomparáid le 74 faoin gcéad d'fhir.
- **Aois:** de réir mar a théann na freagróirí in aois is mó seans go ndéarfaidh na freagróirí gur fadhb í an choireacht ar bhonn náisiúnta. Mar shampla, i gcás na bhfreagróirí sin a bhí 65 bliana d'aois nó os a chionn, thuairiscigh 84 faoin gcéad gur fhadhb í an choireacht in Éirinn i gcomparáid le 65 faoin gcéad de na freagróirí sin a bhí idir 18 agus 24 bliana d'aois.

- **Aicme shóisialta:** ba lú seans go ndéarfadh freagróirí ó aicme shóisialta AB gur fhadhb í an choireacht in Éirinn agus ba mhó seans i gcás na bhfreagróirí ó aicme shóisialta F go ndéarfaidís gur fhadhb í (70% i gcomparáid le 86% faoi seach).
- **Náisiúntacht:** Ba mhó seans go gcreidfeadh náisiúnaigh de chuid na hÉireann gur fhadhb fhíorthromchúiseach í an choireacht ná náisiúnaigh nárbh as Éirinn dóibh.

**Tábla 5: Tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn de réir grúpaí socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 29% | 34% | 18% | 25% | 29% | 33% | 42% | 44% | 24% | 28% | 32% | 36% | 40% | 34% | 17% |
| Fadhb thromchúiseach í | 45% | 45% | 47% | 45% | 48% | 46% | 43% | 40% | 46% | 47% | 46% | 43% | 46% | 45% | 42% |
| Fadhb de shórt éigin í | 21% | 18% | 27% | 24% | 19% | 18% | 13% | 13% | 27% | 22% | 19% | 16% | 14% | 18% | 29% |
| Ní fadhb í | 2% | 1% | - | 3% | - | - | - | - | - | 2% | - | 2% | - | 1% | 7% |
| Ní fios/ Gan freagra | 2% | 2% | 4% | 3% | - | - | - | - | - | 2% | - | 3% | - | 2% | 6% |

**Tábla 6: Tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn de réir ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 20% | 36% | 40% | 28% | 24% | 36% | 36% | 32% | 31% | 32% | 34% | 37% |
| Fadhb thromchúiseach í | 42% | 46% | 44% | 50% | 42% | 46% | 47% | 44% | 45% | 46% | 46% | 44% |
| Fadhb de shórt éigin í | 30% | 15% | 13% | 19% | 27% | 15% | 15% | 20% | 20% | 18% | 18% | 16% |
| Ní fadhb í | 3% | - | - | - | 3% | 2% | - | - | 2% | - | - | |
| Ní fios/ Gan freagra | 5% | - | - | - | 4% | - | 1% | - | 2% | 3% | - | |

**Tábla 7: Tuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil de réir grúpaí socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 6% | 7% | 4% | 6% | 7% | 7% | 8% | 8% | 6% | 6% | 7% | 8% | 9% | 7% | 5% |
| Fadhb thromchúiseach í | 23% | 25% | 20% | 22% | 25% | 26% | 25% | 24% | 21% | 25% | 22% | 25% | 25% | 25% | 19% |
| Fadhb de shórt éigin í | 47% | 45% | 49% | 44% | 44% | 47% | 47% | 46% | 50% | 46% | 47% | 43% | 45% | 46% | 41% |
| Ní fadhb í | 22% | 21% | 24% | 25% | 21% | 19% | 18% | 21% | 21% | 21% | 23% | 21% | 22% | 20% | 30% |
| Ní fios/ Gan freagra | 2% | 3% | - | 3% | 3% | - | - | - | - | 3% | - | 2% | - | 2% | 4% |

**Tábla 8: Tuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil de réir ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 6% | 9% | 7% | 4% | 7% | 8% | 6% | 8% | 7% | 7% | 4% | 5% |
| Fadhb thromchúiseach í | 24% | 29% | 24% | 16% | 23% | 26% | 23% | 23% | 27% | 25% | 21% | 13% |
| Fadhb de shórt éigin í | 49% | 42% | 46% | 47% | 48% | 45% | 44% | 45% | 45% | 46% | 49% | 43% |
| Ní fadhb í | 17% | 19% | 22% | 32% | 18% | 20% | 25% | 21% | 19% | 19% | 24% | 38% |
| Ní fios/ Gan freagra | 5% | - | - | - | 4% | - | - | - | 2% | 3% | - | - |

I ngach ceantar, d'fhéach formhór na bhfreagróirí ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach nó mar fhadhb fhíorthromchúiseach. Ina dhiaidh sin féin, bhí roinnt éagsúlachta ann laistigh de seo maidir le cé chomh láidir agus a bhí an mothú seo (féach ar thábla 6).

- **Réigiún:** ba iad na freagróirí as Cúige Mumhan agus na freagróirí as Cúige Laighean (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) ar mhó seans go bhfeicfidís ar an gcoireacht mar fhadhb fhíorthromchúiseach go náisiúnta. Ba iad na freagróirí as Baile Átha Cliath ar lú seans go ndéarfaidís gur fhadhb í an choireacht.
- **Uirbeach/Tuaithe:** ba mhó seans go gcreidfeadh freagróirí tuaithe agus freagróirí uirbeacha eile gur fhadhb thromchúiseach í an choireacht in Éirinn i gcomparáid leis na freagróirí a raibh cónaí orthu sa chathair.
- **Achar go dtí stáisiún na nGardaí:** thuairiscigh na freagróirí sin a raibh cónaí orthu laistigh de 3 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí tuiscint ní ba ísle ar leibhéil na coireachta mar fhadhb i gcomparáid leis na daoine sin a raibh cónaí orthu 10 gciliméadar nó níos mó ó stáisiún na nGardaí.

## Difríochtaí i dtuiscint ar an gcoireacht go háitiúil de réir grúpaí socheacnamaíochta agus ceantair

Tugadh faoi deara thuas go raibh an tuiscint ar an gcoireacht mar fhadhb ní ba airde ar leibhéil náisiúnta ná mar a bhí ar leibhéil áitiúil. Bhí an t-athrú seo i dtaobh tuiscint ar an gcoireacht le sonrú i ngach grúpa sóisialta (féach ar thábla 7). Ina dhiaidh sin féin, bhí roinnt éagsúlachtaí ann laistigh de seo.

- **Inscne:** ba mhó seans cé nach raibh ann ach oiread na fríde go ndearfadh mná gur fhadhb í an choireacht go háitiúil ná mar a déarfadh na fir (32 faoin gcéad de mhná i gcomparáid le 29 faoin gcéad d'fhir).
- **Aois:** de réir mar a théann na freagróirí in aois tagann méadú ar an tuiscint gur fadhb í an choireacht go háitiúil. Ina dhiaidh sin féin, níl an nós seo chomh láidir céanna nuair a d'fhreagair na freagróirí faoin gcoireacht go náisiúnta.
- **Aicme shóisialta:** níl na patrúin ar leibhéal áitiúil chomh soiléir céanna leis na patrúin atá ann ar leibhéil náisiúnta cé gurbh iad aicme shóisialta AB an grúpa ar lú seans go ndéarfaidís gur fhadhb í an choireacht agus gurbh iad aicme shóisialta F an grúpa a thuairiscigh an tuiscint b'airde ar an gcoireacht mar fhadhb.
- **Náisiúntacht:** Is lú seans go bhféachann náisiúnach nach as Éirinn é/í ar an gcoireacht mar fhadhb go háitiúil i gcomparáid le náisiúnaigh de chuid na hÉireann.

Ó thaobh na tíreolaíochta de, is léir go bhfuil an tuiscint ar an gcoireacht mar fhadhb nach bhfuil chomh tromchúiseach sin ann i ngach réimse. Tá roinnt éagsúlachtaí ann maidir leis seo áfach. Léiríonn tábla 8 an méid seo a leanas:

- **Réigiúnacha:** ba mhó seans go bhfeicfeadh na freagróirí as Cúige Laighean (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) ar an gcoireacht mar fhadhb go háitiúil agus ba lú seans go ndéanfadh na freagróirí as Cúige Chonnacht/ Cúige Uladh amhlaidh.

- **Uirbeach/Tuaithe:** ba mhó seans go bhfeiceadh na freagróirí as ceantair uirbeacha eile ar an gcoireacht mar fhadhb ná na freagróirí ó cheantair chathracha agus ó cheantair tuaithe.
- **Achar go dtí stáisiún na nGardaí:** dá mhéad achar a bhfuil cónaí ar an bhfreagróir ó stáisiún na nGardaí is ea is lú seans go bhfeiceann an freagróir ar an gcoireacht mar fhadhb.

## Achoimre

**Nuair a fiafraíodh díobh faoin gcoireacht go náisiúnta bhí na freagróirí an-soiléir ina gcuid freagraí – bhraith siad gur fhadhb fhíorthromchúiseach nó thromchúiseach í an choireacht in Éirinn. Cé gur chonaiceamar roinnt difríochtaí ann de réir aoise, inscne, aicme shóisialta agus náisiúntachta bhí béim ar na hábhair siúd. Bhraith tromlach cinnte i ngach aon ghrúpa freagróirí gur fhadhb thromchúiseach nó gur fhadhb fhíorthromchúiseach í an choireacht go náisiúnta.**

**Ina dhiaidh sin féin, tagann athrú ar an tuiscint seo nuair a fhiafraítear de na freagróirí faoin gcoireacht ina gceantar féin. Ba lú seans go ndéarfadh freagróirí gur fhadhb fhíorthromchúiseach nó gur fhadhb thromchúiseach í an choireacht go háitiúil. Lagaigh roinnt de na treochtaí ní ba shoiléire chomh maith a tháinig chun cinn de réir difríochtaí socheacnamaíochta.**

**Baineann tuiscint ar an gcoireacht le fachtóirí eile chomh maith. Sna codanna seo a leanas den tuarascáil, déantar tuiscint ar an gcoireacht a scrúdú maidir le híospairt, muinín agus leibhéil sásaimh i dtaobh soláthar seirbhíse. Léiríonn siad siúd:**

- **Ba mhó seans go bhfeicfeadh íospartaigh na coireachta ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach nó mar fhadhb fhíorthromchúiseach go náisiúnta agus go háitiúil i gcomparáid leo siúd nach raibh taithí acu ar an gcoireacht.**
- **Ba lú seans go raibh na freagróirí a thuairiscigh go raibh siad sásta le leibhéal na seirbhíse a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil chun féachaint ar an gcoireacht mar fhadhb. A mhalairt a bhí fíor chomh maith, d'fhéach na freagróirí a raibh leibhéil ísle sásaimh acu ar an gcoireacht mar fhadhb go háitiúil.**
- **I gcás dóibh siúd a raibh leibhéil arda muiníne sa Gharda Síochána acu ba mhó seans go bhfeicfidís ar an gcoireacht mar fhadhb nach raibh chomh tromchúiseach sin go háitiúil nó nach fadhb í in aon chur. Ba iad na daoine a raibh leibhéil ísle muiníne acu, os a choinne sin, ar mhó seans go bhfeicfidís ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach nó mar fhadhb fhíorthromchúiseach go háitiúil.**

# Íospartaigh na coireachta

**Laistigh den suirbhé bhí 682 íospartach na coireachta ann. Fiafraigh d'íospartaigh na coireachta faoin gcoir (faoi na gcoireanna) a raibh taithí acu orthu le 12 mhí anuas, ar thuairiscigh siad an eachtra do na Gardaí (agus mura ndearna, cén fáth), agus i gcás gur thuairiscigh siad an eachtra cé chomh sásta agus a bhí siad faoin gcaoi ar dhéileáil na Gardaí leis an gcoir. Déantar iniúchadh ar thaithí íospartaigh na coireachta i dtaobh na gceisteanna thuas sa chuid seo.**

## Íospairt

Bhí 682 fhreagróir ann a raibh ina n-íospartach na coireachta le 12 mhí anuas. Léiríonn é seo ráta íospartha laistigh den sampla de 11%. I measc 682 íospartach na coireachta bhí 75 dóibh siúd ina n-íospartaigh an athuair. Cuirtear miondealú ar fáil i dtábla 9 maidir leis an eachtra is déanaí a raibh taithí ag íospartaigh na coireachta uirthi. Ba í an eachtra ba coitianta ná buirgléireacht (a raibh taithí ag 25% den sampla uirthi) ina dhiaidh sin tháinig damáiste coiriúil, ionsaí, rothar a goideadh, gadaíocht eile (seachas ó dhuine nó ó fheithicil), agus ansin carr a goideadh.

Níor thuairiscigh gach duine a bhí ina íospartach na coireachta an choir do na Gardaí. I measc na 682 íospartach na coireachta níor thuairiscigh 174 íospartach (nó 26% de na híospartaigh) faoin eachtra. Léirítear i dtábla 9 chomh maith go bhfuil éagsúlachtaí ann i dtaobh na n-eachtraí seo a thuairisciú don Gharda Síochána. Ar na heachtraí ba mhó seans go dtuairisceofaí do na Gardaí iad bhí carr a goideadh, buirgléireacht agus robáil ó réadmhaoin. Ar na heachtraí ba lú seans go dtuairisceofaí iad tá calaois agus calaois ar líne.

Fiafraíodh de na freagróirí cén fáth nár thuairiscigh siad an eachtra do na Gardaí. Ba iad na príomhchúiseanna nár thuairiscigh íospartaigh na coireachta an choir ná gur chreid siad nach bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi, nach ndéanfadh na Gardaí aon rud faoi nó nach raibh an eachtra tromchúiseach a dhóthain lena thuairisciú (féach tabla 10). Tá na ceisteanna a léirítear anseo ar nós na gceisteanna a bhí sa Suirbhé Coireachta agus Íosparta 2010 a rinne an Phríomh-Oifig Staidrimh. Léirítear ann gurbh í an phríomhchúis a bhí ag na híospartaigh gan coir a thuairisciú ná nach raibh sí tromchúiseach a dhóthain lena thuairisciú, ina dhiaidh sin chreid na freagróirí nach bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh faoi agus ina dhiaidh sin nach ndéanfadh na Gardaí aon rud faoi.

**Tábla 9: An taithí is déanaí ar choir le 12 mhí anuas**

| | | (%) | Tuairiscíodh do na Gardaí í |
|---|---|---|---|
| Buirgléireacht | 173 | 25% | 91% |
| Damáiste coiriúil | 126 | 19% | 76% |
| Ionsaí | 61 | 9% | 71% |
| Rothar a goideadh | 60 | 9% | 57% |
| Gadaíocht eile | 53 | 8% | 77% |
| Carr a goideadh | 39 | 6% | 97% |
| Gadaíocht (ó dhuine) | 28 | 4% | 33% |
| Calaois ar líne | 33 | 5% | 27% |
| Calaois | 28 | 4% | 42% |
| Coir eile | 33 | 5% | 83% |
| Robáil (ón duine) | 23 | 3% | 81% |
| Robáil (ó réadmhaoin) | 25 | 4% | 91% |
| **Iomlán** | **682** | **100%** | |

**Tábla 10: An chúis nár tuairiscíodh an choir**

| Cúis | % |
|---|---|
| Níor chreid mé go bhféadfadh na Gardaí aon rud a dhéanamh | 34% |
| Ní raibh an eachtra tromchúiseach a dhóthain | 22% |
| Níor chreid mé go ndéanfadh na Gardaí aon rud | 19% |
| Thuairiscigh mé d'údarás eile é | 16% |
| Réitigh mé é mé féin | 15% |
| Ní raibh mé ag iarraidh go mbeadh na Gardaí páirteach ann | 7% |
| Eagla go mbainfeadh na daoine arbh údar léi nó daoine eile díoltas amach | 6% |
| Níor ghá éileamh árachais a dhéanamh | 6% |
| Ní raibh an t-am agam | 5% |
| Cúis eile | 10% |
| Diúltaíodh | 1% |

**Tábla 11: Sásamh maidir leis an mbealach ar láimhseáladh an fhadhb coire**

| | Inscne | | Aois | | | Aicme shóisialta: | | Uirbeach/Tuaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-34 | 35-54 | 55+ | ABC1 | C2DE | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe |
| An-sásta | 21% | 34% | 19% | 31% | 31% | 31% | 25% | 30% | 27% | 24% |
| Réasúnta sásta | 30% | 31% | 32% | 29% | 29% | 33% | 27% | 30% | 25% | 34% |
| Réasúnta míshásta | 28% | 16% | 25% | 19% | 24% | 19% | 24% | 22% | 28% | 19% |
| An-mhíshásta | 21% | 17% | 20% | 20% | 16% | 16% | 23% | 17% | - | 21% |
| Ní fios/ Gan freagra | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

## Sásamh maidir leis an mbealach ar láimhseáladh an eachtra


I measc 682 íospartach na coireachta thuairiscigh 508 íospartach an eachtra do na Gardaí. Fiafraíodh d'íospartaigh na coireachta faoi cé chomh sásta agus a bhí siad faoin mbealach ar láimhseáil na Gardaí an choir deiridh a raibh taithí acu uirthi. Ar an iomlán, bhí 27 faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta an-sásta agus bhí 30 faoin gcéad réasúnta sásta. Bhí 22 faoin gcéad a bhí réasúnta míshásta, áfach, agus bhí 19 faoin gcéad an-mhíshásta.

Bhí éagsúlachtaí ann de réir grúpaí sóisialta agus ceantair sna leibhéil sásaimh (féach ar thábla 11):

- **Inscne:** Bhí 51 faoin gcéad d'íospartaigh fir na coireachta sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil dóibh i gcomparáid le 65 faoin gcéad de na freagróirí mná. Ba iad na fir, os a choinne sin, ar mhó seans go bhfreagróidís go diúltach (míshásta nó an-mhíshásta), agus 49% ag trácht air seo i gcomparáid le 33 faoin gcéad de na freagróirí mná.
- **Aois:** ós rud é go raibh méideanna beaga samplála ann cuireadh na haoisghrúpa isteach i dtrí ghrúpa réimse leathan (18 go 34, 35 go 54 agus 55 agus thairis) chun go bhféadfaí an anailís a dhéanamh. I gcás na bhfreagróirí a bhí san aoisghrúpa 18 go 34 bhí 51 faoin gcéad sásta leis an mbealach ar láimhseáladh fadhb na coire i gcomparáid le 60 faoin gcéad i gcás an dá aoisghrúpa eile.
- **Aicme shóisialta:** mar a tharla i gcás na haoise, bhí méideanna beaga samplála ann de réir aicme shóisialta ba é an réiteach air sin an aicme shóisialta a chur isteach in dá ghrúpa réimse leathan (ABC1 and C2DE). Tuairiscíodh leibhéil sásaimh a bhí rud beag ní b'airde i ngrúpa ABC1 i gcomparáid le grúpa C2DE (64% i gcomparáid le 52% faoi seach).

Bhí na méideanna samplála i gcás na bhfreagróirí nach as Éirinn dóibh róbheag chun gur féidir anailís a dhéanamh orthu. Bhí na méideanna samplála beag chomh maith nuair a briseadh síos iad de réir réigiún agus achar go dtí stáisiún na nGardaí. Ina dhiaidh sin féin, d'fhéadadh anailís a dhéanamh ar shásamh de réir ceantair uirbeacha, ceantair uirbeacha eile agus ceantair tuaithe. Bhí seans rud beag ní ba mhó ann go mbeadh na freagróirí a raibh cónaí orthu i gcathracha eile sásta leis an gcaoi ar láimhseáladh fadhb coire ná na freagróirí a raibh cónaí orthu i gceantair eile.

**Figiúr 2: Sásamh íospartaigh na coireachta de réir an tseirbhís a cuireadh ar fail**




## An taithí a bhí ann ar choir a thuairisciú

Fiafraíodh d'íospartaigh na coireachta chomh maith faoina dtaithí nuair a thuairiscigh siad coir. Fiafraíodh díobh, go háirithe, ar fhreastal na Gardaí go tapa ar an eachtra agus ar tugadh aon sonraí teagmhála ina dhiaidh sin dóibh de na Gardaí fiosraithe agus den stáisiún áitiúil. Fiafraíodh d'íospartaigh na coireachta chomh maith an bhfuair siad uimhir choireachta/ uimhir PULSE agus ar tugadh eolas dóibh faoi línte cabhracha íospartaigh agus seirbhísí cabhracha íospartaigh (féach ar thábla 12). Tríd is tríd:

**Tábla 12: An taithí a bhí ann ar choir a thuairisciú**

| | Is ea | Ní hea | Neamhbhainteach | Ní fios/ Ní chuimhnítear |
|---|---|---|---|---|
| Freastail thapa ó na Gardaí | 63% | 30% | 7% | 1% |
| Tugadh ainm na nGardaí fiosruithe | 71% | 23% | 3% | 3% |
| Tugadh sonraí teagmhála stáisiún na nGardaí | 73% | 20% | 4% | 3% |
| Tugadh uimhir PULSE/ an uimhir choireachta | 34% | 51% | 5% | 10% |
| Tugadh uimhir na línte cabhracha/seirbhísí cabhracha | 33% | 55% | 9% | 4% |

**Tábla 13: Eolas faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin**

| | Inscne | | Aois | | | Aicme shóisialta: | | Uirbeach/Tuaithe | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18-34 | 35-54 | 55+ | ABC1 | C2DE | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe |
| Ní leor é | 37% | 36% | 42% | 32% | 36% | 32% | 40% | 34% | 41% | 36% |
| I gceart | 43% | 48% | 37% | 51% | 47% | 52% | 39% | 44% | 45% | 48% |
| An iomarca | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |
| Níor tugadh aon eolas faoi dhul chun cinn | 19% | 13% | 19% | 16% | - | 15% | 18% | 19% | - | 15% |
| Ní fios/ Gan freagra | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

- D'aontaigh seasca a trí faoin gcéad gur fhreastail na Gardaí go tapa nuair a tuairiscíodh an eachtra.
- Tugadh ainm na nGardaí fiosruithe i gcás seachtó a haon faoin gcéad de na freagróirí.
- Tugadh sonraí teagmhála stáisiún na nGardaí i gcás seachtó a haon faoin gcéad de na freagróirí.
- Tugadh uimhir PULSE do thríocha a ceathair faoin gcéad de na freagróirí.
- Tugadh uimhir línte cabhracha agus seirbhísí cabhracha íospartaigh i gcás tríocha a trí faoin gcéad de na freagróirí.

## Eolas a sholáthar

Fiafraíodh de na freagróirí chomh maith faoina sásamh i dtaobh soláthair eolas ina raibh cur síos ann ar dhul chun cinn an fhiosrúcháin. Dúirt daichead a sé faoin gcéad d'íospartaigh go raibh sé i gceart, chreid 36 faoin gcéad nach leor é agus dúirt 16 faoin gcéad nár tugadh aon eolas dóibh faoi dhul chun cinn. Ar an iomlán, má fhéachaimid síos tríd an sampla, féachaimid roinnt mionéagsúlachtaí ann (féach ar thábla 13):

- **Inscne:** ba mhó seans go ndéarfadh na freagróirí fir nach raibh a dhóthain eolas curtha ar fáil i gcomparáid leis na freagróirí mná (56% i gcomparáid le 49%).
- **Aois:** de réir mar a théann na freagróirí in aois is mó seans go ndéarfaidh na freagróirí go bhfaigheann siad a dhóthain eolais.
- **Aicme shóisialta:** Is ar éigean a fuair 47% faoin gcéad de na freagróirí ón aicme shóisialta ABC1 eolas nó ní bhfuair siad eolas ar bith faoi dhul chun cinn a bhfiosrúcháin i gcomparáid le 58 faoin gcéad de na freagróirí ón aicme shóisialta C2DE.

Ní raibh a dhóthain méideanna samplála de réir náisiúntachta ann le hanailís a dhéanamh. Chuir méideanna samplála isteach ar anailís ar Réigiún agus ar achar go dtí stáisiún na nGardaí chomh maith. Ina dhiaidh sin féin, féadadh tabhairt faoi anailís ar na deighiltí a bhí ann idir ceantar uirbeach agus ceantar tuaithe (atá san áireamh i dtábla 13). Léirigh é seo gur chreid 53 faoin gcéad de na freagróirí ó cheantair cathracha nach bhfuair siad a dhóthain eolais i gcomparáid le 51 faoin gcéad de na freagróirí ó cheantair tuaithe agus 41 faoin gcéad de na freagróirí ó cheantair uirbeacha.

## Íospairt agus a tionchar ar thuiscint ar an gcoireacht

**Tábla 14: Tuiscintí ar an gcoireacht de réir íosparta**

| | Go náisiúnta | | Go háitiúil | |
|---|---|---|---|---|
| | Íospairt na Coireachta | Duine nach Íospairt na Coireachta é/í | Íospairt na Coireachta | Duine nach Íospairt na Coireachta é/í |
| Fadhb fhíorthromchúiseach í | 34% | 31% | 13% | 6% |
| Fadhb thromchúiseach í | 45% | 45% | 32% | 23% |
| Fadhb de shórt éigin í | 18% | 19% | 40% | 47% |
| Ní fadhb í | - | 2% | 13% | 22% |
| Ní fios/ Gan freagra | - | 2% | - | 2% |

Laistigh den chéad chuid den suirbhé rinneamar iniúchadh ar thuiscintí ar an gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil. Tarraingíonn é seo an cheist anuas - más íospartach na coireachta an fhreagróra an bhfuil tionchar aige sin ar thuiscint an fhreagróra ar an gcoireacht. Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht in Éireann go náisiúnta ba bheag difríocht a bhí ann idir íospartaigh na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad. Bhraith seachtó a naoi faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta gur fhadhb thromchúiseach nó gur fhadhb fhíorthromchúiseach í i gcomparáid le 76 faoin gcéad de dhaoine nach íospartaigh na coireachta iad. Tagann méadú ar an difríocht seo idir tuiscintí nuair a fiafraítear díobh faoin gcoireacht ar leibhéil áitiúil. I gcás na bhfreagróirí a bhí ina n-íospartaigh na coireachta, chreid 45 faoin gcéad gur fhadhb áitiúil é an choireacht. Cuir é seo i gcás le 29% de na daoine nach raibh ina n-íospartaigh. Mar sin, tá na difríochtaí idir tuiscintí ar an gcoireacht i bhfad níos láidre idir íospartaigh na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad go náisiúnta.

## Achoimre

Bhí 682 íospartaigh na coireachta ann a léiríonn 11% den sampla. Ba í an eachtra ba choitianta a raibh taithí ag na freagróirí uirthi ná buirgléireacht ina dhiaidh sin tháinig damáiste coiriúil, ionsaí, gadaíocht eile (seachas rud a goideadh ó dhuine nó rud a goideadh ó charr), agus ansin goid ó dhuine agus goid ó fheithicil. Níor thuairiscigh gach eachtra don Gharda Síochána (bhí ráta tuairiscithe 75% ann). Ar na heachtraí ba mhó seans go dtuairisceofaí do na Gardaí iad bhí carr a goideadh, buirgléireacht agus robáil ó réadmhaoin. Ar na heachtraí ba lú seans go dtuairisceofaí iad bhí calaois ar líne agus calaois.

Bhí formhór íospartaigh na coireachta (57%) sásta faoin mbealach ar láimhseáil an Garda Síochána an eachtra. Bhí sciar suntasach ann nach raibh (41%). Bhraith formhór íospartaigh na coireachta gur tháinig na Gardaí gan mhoill chun a n-eachtra agus gur tugadh sonraí na nGardaí chomh maith le sonraí stáisiún áitiúil na nGardaí dóibh. Ina dhiaidh sin féin, bhí bearnaí ann i dtaobh soláthar seirbhíse. Ba iad na réimsí arbh údar imní iad:

- Níor chuimhnigh ach thart ar aon trian de na freagróirí ar uimhir PULSE/ uimhir choireachta a fháil.
- Ar an mbealach céanna, fuair aon trian de na freagróirí eolas maidir le línte cabhracha agus seirbhísí cabhracha.
- Bhí sciar suntasach ann a bhraith chomh maith nach leor an eolas a fuair siad faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin nó ní bhfuair siad eolas ar bith fiú.

Ó thaobh tuiscintí i gcoitinne a bhí ann go forleathan, ba mhó seans go bhfeicfeadh íospartaigh na coireachta ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach nó mar fhadhb thromchúiseach ina gceantar áitiúil féin (cé nach mór difríocht a bhí ann ar leibhéil náisiúnta).

# Sásamh sa tseirbhís a cuireadh ar fáil sa phobal áitiúil


**Scrúdaítear sa chuid seo meon na bhfreagróirí maidir leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil. Leantar ar aghaidh chun féachaint ar roinnt de na ceisteanna móra: an bhfuil ceangal ann sa bhealach a bhfeiceann na freagróirí ar an gcoireacht agus a sástacht maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil? Ina theannta sin, an bhfuil íospartaigh na coireachta chomh sásta céanna leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil i gcoitinne mar atá daoine nach íospartaigh na coireachta iad.**

## Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil

Bhí seachtó a trí faoin gcéad de na freagróirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil agus dúirt 23 faoin gcéad go raibh siad míshásta (féach ar fhigiúr 3 thíos).

Leagtar amach na hathruithe a bhí ann thar an tréimhse suirbhéireachta in 2015 i dtábla 15. I gcás Q1 go Q4 bhí laghdú mór le sonrú sna freagróirí ag tuairisciú go raibh siad an sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil, ó 16 faoin gcéad go dtí 13 faoin gcéad. Ag an am céanna, bhí méadú le sonrú sa mhéid a bhí réasúnta míshásta, ardú ó 17 faoin gcéad go dtí 21 faoin gcéad. D'fhan na freagraí eile measartha seasmhach.

**Figiúr 3: Sásamh maidir leis an tSeirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil**




**Tábla 15: Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil le himeacht aimsire**

| | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | Athrú |
|---|---|---|---|---|---|
| An-sásta | 16% | 18% | 15% | 13% | * |
| Réasúnta sásta | 53% | 55% | 54% | 53% | |
| Réasúnta míshásta | 17% | 15% | 19% | 21% | * |
| An-mhíshásta | 5% | 5% | 6% | 5% | |
| Ní fios/ Gan freagra | 8% | 7% | 6% | 8% | |

** Seasann d'athrú tábhachtach atá ann go staitistiúil ag 0.05*

**Tábla 16: Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| An-sásta | 15% | 16% | 12% | 14% | 15% | 15% | 18% | 20% | 16% | 17% | 14% | 15% | 14% | 15% | 19% |
| Réasúnta sásta | 55% | 53% | 52% | 54% | 54% | 54% | 54% | 53% | 56% | 55% | 52% | 52% | 58% | 54% | 51% |
| Réasúnta míshásta | 18% | 18% | 18% | 17% | 20% | 19% | 18% | 17% | 16% | 17% | 20% | 19% | 18% | 19% | 14% |
| An-mhíshásta | 6% | 5% | 7% | 5% | 5% | 6% | 6% | 4% | 4% | 4% | 6% | 7% | 5% | 6% | 4% |
| Ní fios/ Gan freagra | 6% | 8% | 10% | 10% | 6% | 6% | 4% | 6% | 8% | 8% | 8% | 6% | 5% | 6% | 12% |

**Tábla 17: Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| An-sásta | 11% | 15% | 22% | 12% | 12% | 19% | 16% | 21% | 17% | 13% | 14% | 9% |
| Réasúnta sásta | 54% | 54% | 51% | 57% | 53% | 53% | 55% | 50% | 56% | 55% | 55% | 48% |
| Réasúnta míshásta | 18% | 20% | 16% | 20% | 18% | 18% | 19% | 18% | 17% | 19% | 18% | 23% |
| An-mhíshásta | 4% | 6% | 6% | 6% | 5% | 5% | 6% | 6% | 5% | 4% | 5% | 11% |
| Ní fios/ Gan freagra | 13% | 5% | 5% | 5% | 12% | 5% | 4% | 5% | 6% | 8% | 8% | 8% |

## Difríochtaí socheacnamaíocha

Ní raibh difríochtaí suntasacha ann de réir inscne (féach ar thábla 16). Cé go raibh formhór na bhfreagróirí sásta i ngach aoisghrúpa leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil bhí roinnt éagsúlachtaí ann laistigh de seo. Ba mhó seans go ndéarfadh na freagróirí ní ba shine ná na freagróirí ní b'óige go raibh siad an-sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil. Is díol spéise é gur mhó seans a bhí ann nach gcuirfeadh na freagróirí ní b'óige tuairim in iúl air seo nó nach raibh a fhios acu.

Bhí formhór na bhfreagróirí síos tríd grúpaí aicmí sóisialta sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil. Ainneoin go raibh éagsúlachtaí idir na haicmí sóisialta ann ní raibh aon threochtaí soiléire ann.

Cé gur beag éagsúlacht a bhí ann i leibhéil sásaimh de réir náisiúntachta, bhí leibhéil míshásaimh ní b'airde ann i measc náisiúnaigh na hÉireann (25% i gcomparáid le 18% de náisiúnaigh nach as Éirinn dóibh). Ina dhiaidh sin féin, bhí sciar suntasach náisiúnaigh nach as Éirinn dóibh ann nárbh eol dóibh nó nár fhreagair an cheist.

## Difríochtaí tíreolaíochta

Cé go raibh formhór na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil thar na Réigiúnacha, ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe, chomh maith leis an achar go dtí stáisiún na nGardaí, bhí roinnt éagsúlachtaí laistigh de sin (féach ar thábla 17):

- **Réigiúnacha:** Bhí an leibhéil b'airde de na freagróirí ag tuairisciú go raibh siad sásta leis an tseirbhís a fuair siad i gCúige Mumhan agus bhí an sciar ba lú a bhí sásta ann i mBaile Átha Cliath (ba cheart a thabhairt san áireamh go raibh sciar suntasach de fhreagróirí Bhaile Átha Cliath nárbh eol dóibh nó nár fhreagair an cheist seo).
- **Ceantair uirbeacha agus ceantair tuaithe:** bhí leibhéil ní b'airde sásaimh ann sna ceantair uirbeacha agus sna ceantair tuaithe ná mar a bhí ann i gcás na bhfreagróirí as ceantair cathracha nárbh eol dóibh nó nár fhreagair an cheist).
- **Achar go dtí stáisiún na nGardaí:** ba mhó seans go ndéarfadh na freagróirí a raibh cónaí orthu laistigh de 3 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí go raibh siad an-sásta i gcomparáid leo siúd a raibh cónaí orthu achar ní b'fhaide ón stáisiún. Ba iad na freagróirí a raibh cónaí orthu ní ba mhó ná 10 gciliméadar ó stáisiún Gardaí a raibh an ráta b'ísle sásaimh acu.

## Tuiscintí ar an gcoireacht agus sásamh i dtaobh an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil

Sa chéad chuid chuireamar béim ar thuiscintí na bhfreagróirí ar an gcoireacht go náisiúnta agus go háitiúil. Déantar iniúchadh ar thuiscintí ar an gcoireacht sa chuid seo agus cé chomh sásta agus atá freagróirí leis na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Cuirtear miondealú ar fáil i dtábla 18 ar shásamh sna seirbhísí a cuireadh ar fáil don cheantar áitiúil de réir tuiscint ar an gcoireacht mar fhadhb. Ar bhonn náisiúnta, de réir mar a mhéadaíonn sásamh i dtaobh an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil feicimid laghdú sna tuiscintí atá ar an gcoireacht. Mar shampla, i gcás 65 faoin gcéad de na freagróirí a bhraith gur cheist thromchúiseach náisiúnta í an choireacht bhí siad sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil. D'ardaigh é seo go 74 faoin gcéad i gcás na bhfreagróirí a d'fhreagair nach fadhb í an choireacht ina gceantar.

Ar an mbealach céanna, feicimid an ceangal céanna (cé go bhfuil méid na difríochta níos láidre ann) ar bhonn áitiúil. Mar shampla, léirítear i dtábla 18 i gcás 55 faoin gcéad de na freagróirí a chreid gur fhadhb thromchúiseach áitiúil í an choireacht bhí siad sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil. Tháinig ardú 76 faoin gcéad air seo áfach i gcás na bhfreagróirí nár ghlac leis mar fhadhb. Cé nach bhfuil an céatadán deiridh seo ach 2 faoin gcéad éagsúil ón bpictiúr náisiúnta, is díol spéise an pointe tosaithe níos ísle atá ann i sásamh na bhfreagróirí ar bhonn áitiúil i gcomparáid leis an bpointe tosaithe náisiúnta (55 faoin gcéad i gcomparáid le 65 faoin gcéad).

**Tábla 18: Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil de réir tuiscintí ar an gcoireacht**

| | National | | | | Local | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíorthrom-chúiseach í | Fadhb thromchúi-seach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í | Fadhb fhíorthrom-chúiseach í | Fadhb thromchúi-seach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í |
| An-sásta | 18% | 14% | 14% | 28% | 17% | 12% | 14% | 22% |
| Réasúnta sásta | 47% | 57% | 59% | 46% | 38% | 53% | 57% | 54% |
| Réasúnta míshásta | 21% | 19% | 15% | - | 25% | 23% | 18% | 11% |
| An-mhíshásta | 9% | 3% | 4% | - | 17% | 7% | 4% | 3% |
| Ní fios/ Gan freagra | 5% | 6% | 9% | - | - | 5% | 6% | 10% |

## Íospairt agus sástacht sa tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil

Chonaiceamar ní ba luaithe nach bhfuil tionchar ag a bheith ina íospartach na coireachta ar na tuiscintí atá ar an gcoireacht go háitiúil. I gcás a bhfuil an duine ina íospartach an bhfuil tionchar aige sin ar na tuiscintí atá ar sholáthar seirbhísí ag an nGarda Síochána don phobal áitiúil. Leagtar amach i dtábla 19 sástacht maidir le soláthar seirbhíse don phobal áitiúil de réir íosparta. Bhí laghdú measartha ann i dtaobh íospartaigh na coireachta a bheith sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil. Bhí caoga a naoi faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil agus bhí 34 faoin gcéad nach raibh sásta leis. I gcás daoine nach íospartaigh na coireachta iad ba iad 71 faoin gcéad agus 22 faoin gcéad na figiúirí faoi seach.

**Tábla 19: Sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil de réir íospartaigh na coireachta**

| | Íospartach na Coireachta | Duine nach Íospartach na Coireachta é/í |
|---|---|---|
| An-sásta | 13% | 16% |
| Réasúnta sásta | 46% | 55% |
| Réasúnta míshásta | 22% | 18% |
| An-mhíshásta | 12% | 4% |
| Ní fios/ Gan freagra | 7% | 7% |

## Achoimre

**Bhí formhór na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil. Tá sé seo soiléir de réir aoise, inscne agus aicme sóisialta – cé go raibh roinnt éagsúlachtaí soiléire ann laistigh de sin:**

- **Tagann méadú ar leibhéil sásaimh de réir mar a théann daoine in aois.**
- **Ba mhó seans go raibh leibhéil ní b'airde míshásaimh ag náisiúnaigh na hÉireann ná mar a bhí ag náisiúnaigh nárbh as Éirinn dóibh.**
- **Bhí éagsúlachtaí Réigiúnacha ann, bhí na leibhéil b'airde sásaimh ann i gCúige Mumhan agus bhí na leibhéil b'ísle ann i mBaile Átha Cliath.**
- **Bhí leibhéil sásaimh ní b'airde ann i measc ceantair uirbeacha eile agus ceantair tuaithe ná mar a bhí i gcás na bhfreagróirí as ceantair cathracha.**
- **Ba mhó seans go raibh freagróirí a raibh cónaí orthu laistigh de 3 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí chun a rá go raibh siad an-sásta i gcomparáid leo siúd a raibh cónaí orthu achar ní b'fhaide ón stáisiún.**

**Bhí éagsúlachtaí ann chomh maith i dtaobh leibhéil sásaimh a bhain le tuiscintí a bhí ar an gcoireacht go háitiúil agus a bhain le híospairt. Bhí ceangal idir tuiscintí ar an gcoireacht agus sástacht maidir leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil. Bhí leibhéil ní b'ísle sásaimh ag íospartaigh na coireachta i gcomparáid le daoine nach íospartaigh na coireachta iad sa tseirbhís a cuireadh ar fáil sa phobal.**

# Tosaíochtaí i gcomhair an Gharda Síochána

**Déanann an Suirbhé ar Dhearcadh a thomhas cén ceisteanna coireachta ar mhaith leis na freagróirí go dtabharfaidh an Garda Síochána tosaíocht dóibh. Fiafraítear é seo chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt aidhmeanna agus cuspóirí na heagraíochta lena n-áirítear ráitis straitéise agus pleananna póilíneachta bliantúla a cheapadh.**

## Cad é ba cheart a bheith mar phríomhthosaíochtaí?

Fiafraíodh de na freagróirí chun na tosaíochta a bhraith siad gur cheart a bheith ina n-ardthosaíochtaí, meánthosaíochtaí agus tosaíochtaí ísle ag an nGarda Síochána. D'fhéadfadh na freagróirí ní ba mhó ná ceist amháin sna ardchatagóirí, meánchatagóirí agus catagóirí ísle a roghnú.

Nuair a bhristear na freagraí síos ar bhonn ard, méan agus íseal ba léir gur mhaith leis na freagróirí go ndíreodh an Garda Síochána ar choireanna in aghaidh an duine:

- **Ardthosaíocht:** thug na freagróirí tosaíocht do Chionta Gnéis (chuir 93% de na freagróirí ar fad béim air seo mar cheist fhíorthábhacht dóibh siúd), airm neamhdhleathacha (89% de na freagróirí), Ionsaithe (88%), Gáinneáil ar dhaoine (88%), Robálacha (87%) agus Cionta maidir le Drugaí (87%).
- **Meánthosaíocht:** Léirigh 39% de na freagróirí gur tháinig Cionta Oird Phoiblí ina dhiaidh sin, ina dhiaidh sin tháinig Cionta Tráchta (28%), Damáistí Coiriúla (24%), Buirgléireacht (22%) agus Calaois (21%).
- **Tosaíocht íseal:** mharcáil 15% de na freagróirí Ord Poiblí mar thosaíocht íseal, ina dhiaidh sin tháinig Cionta Tráchta (6%) agus Damáiste Coiriúil (4%).

Cuirtear miondealú ar fáil i dtábla 20 thíos ar fhreagraí na bhfreagróirí.

## Éagsúlachtaí sochdhéimeagrafacha

Cuirtear miondealú ar fáil i dtábla 21 thíos ar na tosaíochtaí de réir éagsúlachtaí sochdhéimeagrafacha. Ar mhaithe le héascaíocht léirmhíniú, rinneadh céatadáin na bhfreagraí a rangú; is é 1 an cineál eachtra ar thug an tosaíocht céatadáin b'airde dó agus is é 11 an tosaíocht céatadáin b'ísle (is ionann an scór rangaithe a thugtar dóibh siúd a bhfuil ualú cothrom acu).

Léiríonn an tábla beag beann ar an inscne, aois, aicme shóisialta agus náisiúntacht gur chreid na freagróirí gur cheart cionta gnéis a bheith mar phríomhthosaíocht ag an nGarda Síochána (cé go raibh robáil chomh tábhachtach céanna dóibh siúd i gcás aicme shóisialta F).

**Tábla 20: Tosaíochtaí a d'aithin na freagróirí i gcomhair an Gharda Síochána**

| | Ardtho-saíocht | Meántho-saíocht | Tosaíocht íseal |
|---|---|---|---|
| Cionta Gnéis | 92% | 4% | 1% |
| Airm Neamhdhleathacha | 88% | 8% | 2% |
| Ionsaithe | 86% | 10% | 2% |
| Gáinneáil ar Dhaoine | 86% | 7% | 2% |
| Robálacha | 87% | 10% | 2% |
| Cionta maidir le Drugaí | 85% | 11% | 2% |
| Buirgléireacht | 76% | 21% | 3% |
| Calaois | 73% | 21% | 3% |
| Damáiste coiriúil | 70% | 25% | 4% |
| Cionta Tráchta | 65% | 28% | 6% |
| Cionta Oird Phoiblí | 46% | 38% | 16% |

I bhformhór na ngrúpaí bhí seilbh neamhdhleachtach nó úsáid arm mar an dara tosaíocht a bhí acu (seachas i gcás aicme shóisialta AB agus aicme shóisialta F agus i gcás fear bhí robálaithe an dara comhthosaíocht a bhí acu). Bhí seasmhacht ann chomh maith i gcás na dtrí thosaíocht a bhí ag an mbun thar na grúpaí: damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta oird phoiblí.

Cuirtear miondealú rangú ar fáil i dtábla 22 thíos ar na tosaíochtaí de réir ceantar tíreolaíochta. Síos tríd gach cineál réimse rangaíonn na freagróirí cionta gnéis mar phríomhthosaíocht chun an Garda Síochána le díriú uirthi. Tá seasmhacht ann chomh maith i gcás na dtrí thosaíocht ag an mbun síos tríd na gceantar tíreolaíochta: damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta oird phoiblí. Tá siad siúd mar an gcéanna leis an rangú i gcoitinne a leagtar amach i dtábla 21 agus i gcás na n-éagsúlachtaí sochdhéimeagrafacha.

### Tábla 21: Tosaíochtaí de réir grúpaí sochdhéimeagrafacha

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta: | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Cionta gnéis | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Seilbh neamhdhleathach/ úsáid arm | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 | 2 | 2 | 2 | 3 | 2 | 2 |
| Robáil | 2 | 5 | 3 | 2 | 4 | 2 | 3 | 3 | 4 | 3 | 3 | 3 | 1 | 3 | 3 |
| Ionsaithe | 4 | 3 | 4 | 4 | 4 | 4 | 4 | 3 | 2 | 3 | 4 | 3 | 6 | 4 | 5 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 4 | 5 | 4 | 5 | 2 | 5 | 4 | 6 | 5 | 5 | 4 | 5 | 3 | 5 | 3 |
| Cionta maidir le drugaí | 6 | 3 | 6 | 6 | 4 | 6 | 6 | 3 | 6 | 6 | 4 | 5 | 5 | 6 | 5 |
| Buirgléireacht/ gadaíocht réadmhaoine | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 8 | 7 | 7 |
| Calaois | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 | 8 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 |
| Damáiste coiriúil | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cionta Tráchta | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Ord Poiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

### Tábla 22: Tosaíochtaí de réir ceantair thíreolaíocha

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chuige Laighean | Cuige Mumhan | Cuige Chonnacht nó Cuige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Nios lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| Cionta Gnéis | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 |
| Seilbh neamhdhleathach/ úsáid arm | 2 | 3 | 4 | 3 | 2 | 3 | 3 | 2 | 2 | 2 | 2 | 3 |
| Robáil | 4 | 2 | 3 | 2 | 4 | 2 | 2 | 3 | 2 | 4 | 3 | 2 |
| Ionsaithe | 3 | 5 | 5 | 5 | 3 | 5 | 5 | 4 | 4 | 5 | 5 | 3 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 6 | 5 | 2 | 3 | 6 | 3 | 3 | 4 | 4 | 6 | 3 | 3 |
| Cionta maidir le drugaí | 4 | 4 | 5 | 6 | 5 | 6 | 5 | 6 | 6 | 3 | 5 | 6 |
| Buirgléireacht/ gadaíocht réadmhaoine | 7 | 7 | 8 | 8 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 7 | 8 |
| Calaois | 8 | 8 | 7 | 7 | 8 | 8 | 7 | 8 | 8 | 8 | 7 | 7 |
| Damáiste coiriúil | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 | 9 |
| Cionta tráchta | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Ord Poiblí | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 | 11 |

## Tosaíochtaí de réir tuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil

An bhfuil tionchar ag dearcadh an fhreagróra ar a thromchúisí agus atá fadhbanna coireachta go háitiúil ar a dtuairimí i dtaobh an méid ar cheart leis an nGarda Síochána díriú air? Léirítear i dtábla 23 i gcás na bhfreagróirí a ghlacann leis an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach, fadhb de shórt éigin, agus nach fadhb í, gur príomhthosaíocht í cionta gnéis. Ina dhiaidh sin féin, i gcás na ndaoine a ghlacann leis an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach, is í robáil an phríomhthosaíocht ina dhiaidh sin tagann cionta gnéis. Is iad cionta tráchta agus cionta oird phoiblí araon a bhfuil an ráta is ísle acu beag beann ar an tuiscint atá ar leibhéil coireachta.

**Tábla 23: Tosaíochtaí de réir tuiscintí ar an gcoireacht**

| | Fadhb fhíorthrom-chúiseach í | Fadhb thromchúi-seach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í |
|---|---|---|---|---|
| Cionta gnéis | 2 | 1 | 1 | 1 |
| Seilbh neamhdhleathach/ úsáid arm | 3 | 2 | 2 | 2 |
| Robáil | 1 | 3 | 3 | 4 |
| Ionsaithe | 6 | 4 | 4 | 5 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 7 | 5 | 5 | 2 |
| Cionta maidir le drugaí | 4 | 5 | 6 | 6 |
| Buirgléireacht/ gadaíocht réadmhaoine | 4 | 7 | 7 | 8 |
| Calaois | 9 | 8 | 8 | 7 |
| Damáiste coiriúil | 8 | 8 | 9 | 9 |
| Cionta Tráchta | 10 | 10 | 10 | 10 |
| Ord Poiblí | 11 | 11 | 11 | 11 |

**Tábla 24: Tosaíochtaí de réir íosparta**

| | Íospairt na coireachta | Duine nach íospairt na coireachta é/í |
|---|---|---|
| Cionta gnéis | 1 | 1 |
| Seilbh neamhdhleathach/úsáid arm | 2 | 2 |
| Robáil | 2 | 3 |
| Ionsaithe | 5 | 4 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 2 | 5 |
| Cionta maidir le drugaí | 6 | 5 |
| Buirgléireacht/ gadaíocht réadmhaoine | 6 | 7 |
| Calaois | 8 | 8 |
| Damáiste coiriúil | 9 | 9 |
| Cionta Tráchta | 10 | 10 |
| Ord Poiblí | 11 | 11 |

## Tosaíochtaí de réir íosparta

I gcás a bhfuil an duine ina íospartach na coireachta an bhfuil tionchar ann ar thosaíochtaí na bhfreagróirí? I dtábla 23 bristear síos na tosaíochtaí de réir íosparta. D'aithin íospartaigh na coireachta agus freagróirí nach íospartaigh na coireacht iad cionta gnéis mar an tosaíocht is mó a bhí acu chun go ndíreoidh an Garda Síochána uirthi. Ina dhiaidh sin d'aithin íospartaigh na coireachta trí réimse a bhí mar dara tosaíocht acu (seilbh neamhdhleathach arm nó úsáid arm, robáil agus gáinneáil ar dhaoine) i gcomparáid leis na freagróirí nach íospartaigh na coireachta iad a roghnaigh réimse amháin (seilbh neamhdhleathach airm). I gcás íospartaigh na coireachta agus daoine nach n-íospartaigh na coireachta iad, ba ionann na ceithre thosaíocht ba lú tábhacht a bhí acu.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an gcineál íosparta a bhí ann ar na tosaíochtaí. Leagtar amach i dtábla 25 tosaíochtaí de réir íospartaigh na buirgléireachta agus íospartaigh damáiste chóiriúil (an dá ghrúpa choiriúla ardtoirte ar a bhféadfaí anailís a dhéanamh). I gcás íospartaigh na buirgléireachta, fanann an rangú a tugadh don eachtra ag seacht ar liosta na dtosaíochtaí (is amhlaidh atá i gcás na bhfreagróirí i gcoitinne). I gcás íospartaigh damáiste choiriúil, tá ardú an-bheag d'aon ann sa rangú (bhí sé sa naoú háit i gcás na bhfreagróirí i gcoitinne agus san ochtú áit i gcás íospartaigh damáiste chóiriúil.

**Tábla 25: Tosaíochtaí de réir íospartaigh na buirgléireachta agus damáiste coiriúil**

| | Buirglé-reacht | Damáiste coiriúil |
|---|---|---|
| Cionta gnéis | 1 | 1 |
| Seilbh neamhdhleathach/ úsáid arm | 1 | 3 |
| Robáil | 3 | 3 |
| Ionsaithe | 3 | 5 |
| Gáinneáil ar dhaoine | 5 | 2 |
| Cionta maidir le drugaí | 6 | 7 |
| Buirgléireacht/ gadaíocht réadmhaoine | 7 | 6 |
| Calaois | 8 | 9 |
| Damáiste coiriúil | 9 | 8 |
| Cionta Tráchta | 10 | 10 |
| Ord Poiblí | 11 | 11 |

## Achoimre

**Ba léir gur mhaith leis na freagróirí go ndíreodh an Garda Síochána ar choireacht in aghaidh an duine agus béim ar leith a chur ar chionta gnéis. Beag beann ar an inscne, aois, aicme shóisialta nó náisiúntacht chreid freagróirí gur cheart cionta gnéis a bheith mar phríomhthosaíocht ag an nGarda Síochána. Ar an dul céanna, síos tríd gach cineáil réimse rangaigh na freagróirí cionta gnéis mar phríomhthosaíocht chun an Garda Síochána le díriú uirthi. Bhí seasmhacht ann chomh maith i gcás na dtrí thosaíocht ag an mbun thar na grúpaí: damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta oird phoiblí.**

**I gcás dóibh siúd a ghlac leis an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach go dtí na daoine nár ghlac leis gur fhadhb í, ba í an phríomhthosaíocht cionta gnéis. Ina dhiaidh sin féin, i gcás na ndaoine a ghlacann leis an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach, is í robáil an phríomhthosaíocht ina dhiaidh sin tagann cionta gnéis.**

**Aithníonn íospartaigh na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad araon cionta gnéis mar an tosaíocht is mó a bhfuil acu chun go ndíreoidh an Garda Síochána uirthi. Ba chosúil nach raibh aon tionchar ag an gcineáil íosparta a bhí ann, maidir le buirgléireacht agus le damáiste cóiriúil, ar thosaíocht a thabhairt don saghas coire a bhí ann.**


# Muinín sa Gharda Síochána

**Déantar iniúchadh sa chuid seo ar leibhéil muiníne sa Gharda Síochána. Téitear ar aghaidh ansin chun scrúdú a dhéanamh ar an mbealach a bhfuil baint ag muinín le tuiscintí ar an gcoireacht, íospairt agus sástacht maidir leis an seirbhís a chuirtear ar fáil sa phobal áitiúil.**

## Leibhéil muiníne

Fiafraigh de na freagróirí uimhir idir a 1 agus a 10 a shannadh don mhuinín a bhí acu sa Gharda Síochána. Sannadh an leibhéal b'airde muiníne d'uimhir 10 agus ba é uimhir 1 an leibhéal b'ísle muiníne a sannadh. Rinneadh iad sin a athchódú do 'Ardmhuinín' (8,9,10), 'Meánmhuinín' (5,6 nó 7) agus 'Muinín íseal' (1,2,3 nó 4). Ar an iomlán, bhí meánleibhéal go hardleibhéil muiníne ag 85 faoin gcéad de na freagróirí (féach ar fhigiúr 4).

**Figiúr 4: Muinín sa Gharda Síochána**




**Tábla 26: Athruithe i leibhéil na muiníne de réir ráithe**

| | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | Athrú |
|---|---|---|---|---|---|
| Ardmhuinín | 41% | 40% | 37% | 40% | |
| Meánmhuinín | 43% | 46% | 49% | 48% | ✱ |
| Muinín íseal | 15% | 13% | 13% | 11% | ✱ |
| Ní fios/ Gan freagra | 1% | 1% | 1% | 2% | |

✱ *Seasann d'athrú tábhachtach atá go staitistiúil ag 0.05*

Scrúdaítear i dtábla 26 athruithe i leibhéil muiníne le linn na tréimhse suirbhéireachta. D'fhan na leibhéil ardmhuiníne measartha seasta ó Q1 go Q4 (cé go raibh titim bheag ann in Q3). Ina dhiaidh sin féin, chonaiceamar ardú suntasach ann ó thaobh staidrimh de sna leibhéil meánmhuiníne agus laghdú a bhí bainteach leis sna leibhéil muiníne ísle.

**Tábla 27: Muinín sa Gharda Síochána de réir grúpaí socheacnamaíocha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| Ardmhuinín | 37% | 41% | 32% | 32% | 35% | 40% | 46% | 55% | 39% | 40% | 38% | 38% | 45% | 39% | 40% |
| Meánmhuinín | 47% | 46% | 49% | 49% | 51% | 47% | 44% | 37% | 48% | 48% | 45% | 45% | 48% | 47% | 45% |
| Muinín íseal | 15% | 11% | 18% | 17% | 13% | 12% | 10% | 7% | 12% | 12% | 15% | 15% | 7% | 13% | 12% |
| Ní fios/ Gan freagra | 1% | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 28: Muinín sa Gharda Síochána de réir ceantair**

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chúige Laighean | Cúige Mumhan | Cúige Chonnacht nó Cúige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| Ardmhuinín | 29% | 38% | 47% | 46% | 31% | 43% | 45% | 42% | 42% | 34% | 39% | 41% |
| Meánmhuinín | 50% | 47% | 42% | 45% | 50% | 43% | 45% | 44% | 46% | 48% | 47% | 48% |
| Muinín íseal | 18% | 14% | 10% | 8% | 17% | 13% | 10% | 14% | 11% | 16% | 13% | 11% |
| Ní fios/ Gan freagra | 2% | - | - | - | 2% | - | - | - | - | - | - | - |

**Tábla 29: Leibhéil muiníne de réir tuiscintí ar an gcoireacht**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíorthromchúiseach í | Fadhb thromchúiseach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í | Fadhb fhíorthromchúiseach í | Fadhb thromchúiseach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í |
| Ardmhuinín | 33% | 45% | 19% | 2% | 6% | 21% | 48% | 25% |
| Meánmhuinín | 29% | 48% | 21% | 2% | 6% | 27% | 47% | 20% |
| Muinín íseal | 39% | 42% | 17% | 2% | 13% | 28% | 41% | 18% |

## Éagsúlachtaí socheacnamaíochta

Bhí roinnt éagsúlachtaí socheacnamaíocht ann sna leibhéil muiníne (féach tábla 27). Bhí leibhéil muiníne rud beag ní b'airde ag mná ná mar a bhí ag fir, agus 41 faoin gcéad ag léiriú ardleibhéil muiníne i gcomparáid le 37 faoin gcéad d'fhir. Bhí beagán ní ba lú seans ann go léireodh na mná leibhéil ní b'ísle muiníne agus 11 faoin gcéad de na freagróirí mná á rá seo i gcomparáid le 15 faoin gcéad de na freagróirí fir.

I ngach aoisghrúpa léirigh an mhórchuid de na freagróirí meánleibhéil go hardleibhéil muiníne sa Gharda Síochána. Bhí roinnt éagsúlachtaí ann, áfach. Is gnách go dtagann méadú ar leibhéil muiníne de réir mar a théann daoine in aois. Ní raibh aon threochtaí cosúil leis seo ann i gcás aicme shóisialta.
I gcomhthéacs na n-éagsúlachtaí a bhí bunaithe ar staid eacnamaíoch, ba iad aicme shóisialta F ag a raibh na leibhéil ba shuntasaí ardmhuiníne agus, le hais na n-aicmí sóisialta eile, C2 agus DE agus leibhéil ní b'ísle (cé go raibh sé seo ag leibhéal meánmhuiníne go leibhéal ardmhuiníne 83 faoin gcéad fiú). Ní raibh aon éagsúlachtaí suntasacha ann de réir náisiúntachta, agus an dá ghrúpa ag léiriú leibhéil muiníne sa Gharda Síochána a bhí cosúil le chéile a bheag nó a mhór.

## Éagsúlachtaí tíreolaíochta

Scrúdaítear leibhéil muiníne de réir ceantair i dtábla 28. Laistigh de gach ceantar léirigh formhór na ndaoine meánleibhéil go hardleibhéil muiníne. Tá éagsúlachtaí measartha ann, áfach, de réir leibhéil ardmhuiníne.

- **Réigiún:** Bhí leibhéil muiníne a bhí measartha ní b'airde (47%) i gCúige Mumhan i gcomparáid le Réigiúnacha eile agus bhí na leibhéil b'ísle i mBaile Átha Cliath agus 29 faoin gcéad i gcás na bhfreagróirí ann.
- **Uirbeach/Tuaithe:** thuairiscigh na freagróirí i gceantair tuaithe agus i gceantar uirbeacha eile leibhéil ní b'airde ardmhuiníne ná dóibh siúd sna cathracha.
- **Achar go dtí stáisiún na nGardaí:** níl aon threochtaí suntasacha ann i ndáileadh na hardmuiníne de réir achar ó stáisiún na nGardaí Síochána, cé gur léirigh freagróirí a raibh cónaí orthu 3-5 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí leibhéil shuntasacha ní b'ísle ardmhuiníne i gcomparáid le ceantair eile.

## Muinín agus tuiscintí ar an gcoireacht

Chonaiceamar ní ba luaithe sa tuarascáil go raibh éagsúlachtaí ann i dtaobh na dtuiscintí ar an gcoireacht. Déantar iniúchadh orthu siúd i dtaca leis an muinín i dtábla 29. Ar bhonn náisiúnta, bhí 78 faoin gcéad de na freagróirí a raibh ardmhuinín acu den tuairim gur fhadhb í an choireacht (agus 33 faoin gcéad ann a d'fhéach uirthi mar fhadhb fhíorthromchúiseach agus 45 faoin gcéad a d'fhéach uirthi mar fhadhb thromchúiseach). Meastar é seo i leith 77 faoin gcéad de na freagróirí a raibh méanleibhéil

muiníne acu agus 81 faoin gcéad de na freagróirí a raibh muinín íseal acu. Dá réir sin, is mó seans cé nach ann ach rud beag i gcás na ndaoine sin a bhfuil leibhéil ní b'ísle muiníne acu go ndeirtear gur fadhb í an choireacht ar bhonn náisiúnta.


Tagann méadú ar na difríochtaí seo nuair a fheictear ar thuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil. I gcás dóibh siúd a bhfuil ardleibhéil muiníne acu, bhí 27 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb í an choireacht go háitiúil. Ina dhiaidh sin féin, i gcás dóibh sin a raibh leibhéil meánmhuiníne acu, tagann méadú de 33 faoin gcéad air seo agus i gcás dóibh siúd a bhfuil leibhéil muiníne ísle acu figiúr 41 faoin gcéad is ea é.

Mar sin, ar bhonn leibhéal náisiúnta is beag éagsúlachtaí idir tuiscintí ar an gcoireacht agus muinín. Tagann méadú suntasach ar na héagsúlachtaí, áfach, ar bhonn leibhéil áitiúil. De réir mar a thagann méadú ar leibhéil muiníne feicimid ag an am céanna go dtagann laghdú ar na tuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil.

## Íospairt agus muinín

An bhfuil tionchar ann ar mhuinín na bhfreagróirí i gcás a bhfuil an duine ina íospartach na coireachta? Ba lú seans go léireodh íospartaigh na coireachta ardleibhéil muiníne agus ba mhó seans go luafaidís muinín íseal i gcomparáid leo siúd nach raibh ina n-íospartaigh na coireachta (féach ar fhigiúr 5). I measc na bhfreagróirí a raibh ina n-íospartach na coireachta léirigh 32 faoin gcéad leibhéal ardmhuiníne i gcomparáid le 41 faoin gcéad de na freagróirí nach raibh ina íospartaigh. Léirigh fiche a dó faoin gcéad d'íospartaigh na coireachta muinín íseal i gcomparáid le 12 faoin gcéad de na freagróirí nach raibh ina n-íospartaigh na coireachta. Tá leibhéil na méanmhuiníne mar an gcéanna i gcás an dá ghrúpa a bheag nó a mhór agus tá leibhéil meánmhuiníne 46 faoin gcéad agus 47 faoin gcéad ann.

**Figiúr 5: Muinín íospartaigh na coireachta sa Gharda Síochána**




## Muinín agus sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil

Scrúdaítear muinín agus sásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil i dtábla 30. De réir mar a thagann méadú ar leibhéil sásaimh feicimid méaduithe ag teacht ar leibhéil na muiníne chomh maith. Mar shampla, i measc na bhfreagróirí sin a bhí an-sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil, léirigh 75 faoin gcéad ardleibhéil muiníne. Tagann laghdú 41 faoin gcéad air seo i gcás na bhfreagróirí a bhí réasúnta sásta, laghdú 18 faoin gcéad i gcás dóibh siúd a bhí réasúnta míshásta agus laghdú 12 faoin gcéad i gcás dóibh sin a bhí an-mhíshásta.

**Tábla 30: Muinín agus sásamh maidir leis na seirbhísí áitiúla**

| | An-sásta | Réasúnta sásta | Réasúnta míshásta | An-mhíshásta |
|---|---|---|---|---|
| Ardmhuinín | 75% | 41% | 18% | 12% |
| Meánmhuinín | 22% | 53% | 54% | 31% |
| Muinín íseal | 3% | 6% | 27% | 57% |

## Achoimre

**Tá leibhéal suntasach meánleibhéal go hardleibhéal muiníne ann san eagraíocht. Bhí éagsúlachtaí socheacnamaíocha ann chomh maith le héagsúlachtaí tíreolaíochta, laistigh de seo. Cé gur choimeád formhór na bhfreagróirí méanleibhéil go hardleibhéil muiníne:**

- **Bhí leibhéil a bhí rud beag ní b'airde ag na mná ná mar a bhí ag na fir.**
- **Tháinig méadú ar leibhéil muiníne de réir mar a théann daoine in aois.**
- **Bhí na leibhéil ba shuntasaí ardmhuiníne ag aicme shóisialta F agus, i gcomórtas leis na haicmí sóisialta eile, C2 agus DE agus leibhéil ní b'ísle.**
- **Bhí ardleibhéil muiníne a bhí measartha ní b'airde (47%) i gCúige Mumhan i gcomparáid le Réigiúnacha eile agus bhí na leibhéil b'ísle ag Baile Átha Cliath.**
- **Tuairiscíodh leibhéil ní b'airde ardmhuiníne sna ceantair tuaithe agus ceantair uirbeacha eile ná mar a tuairiscíodh sna cathracha.**

**Is cosúil go bhfuil baint ag an muinín le roinnt fachtóirí eile a clúdaíodh sa suirbhé chomh maith. Feicimid ceangal idir leibhéil muiníne agus tuiscintí ar an gcoireacht. De réir mar a théann tuiscintí an gcoireacht i bhfeabhas, agus níos mó freagróirí á rá nach fadhb í, feicimid leibhéil muiníne ag dul i méid ag an am céanna. Tá an ceangal seo i bhfad níos láidre ar leibhéal áitiúil ná mar atá ar leibhéal náisiúnta. Ar an dul céanna, de réir mar a thagann méadú ar shásamh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil, feicimid leibhéil muiníne ag dul i méid ag an am céanna.**

**Rinneadh iniúchadh sa chuid seo chomh maith an raibh ceangal idir íospairt agus leibhéil muiníne. Tríd is tríd, bhí leibhéil laghdaithe ardmhuiníne agus leibhéil ní b'airde muiníne ísle ag íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ag daoine nach íospartaigh na coireachta iad. D'fhan leibhéil meánmhuiníne mar an gcéanna.**

# Tuiscintí ar an nGarda Síochána

**Scrúdaítear tuiscintí na freagróirí de réir an caidreamh a bhí ag an eagraíocht leis an bpobal (más eagraíocht chairdiúil agus chuidiúil í, atá dírithe ar an bpobal agus atá éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht), chomh maith le tuiscintí na bhfreagróirí i dtaobh cé chomh nua-aimseartha agus ceannródach atá an eagraíocht, an bhfuil bainistiú maith á dhéanamh uirthi agus an gcuirtear seirbhís den chéad scoth ar fáil ann. Leantar ar aghaidh sa chuid chun scrúdú an bhfuil ceangal idir tuiscintí na bhfreagróirí ar an nGarda Síochána agus tuiscintí ar an gcoireacht, sásamh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil, leibhéil muiníne agus leibhéil íosparta.**

## Tuiscintí ar an nGarda Síochána

Tugtar achoimre ar na freagraí i dtábla 31:

- D'aontaigh formhór na bhfreagróirí gur eagraíocht chairdiúil agus chuidiúil í an eagraíocht, agus thug 81 faoin gcéad freagra dearfach. D'easaontaigh 15 faoin gcéad leis an ráiteas seo, áfach.
- Bhraith formhór na bhfreagróirí go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal agus d'aontaigh 61 faoin gcéad de na freagróirí leis an ráiteas. D'easaontaigh aon trian de na freagróirí (32%) leis an ráiteas, áfach.
- Chreid formhór na bhfreagróirí go raibh an eagraíocht nua-aimseartha agus ceannródach (59%) cé go raibh aon trian de na freagróirí ann a d'easaontaigh leis sin (33%).
- Nuair a fiafraíodh díobh an raibh an eagraíocht éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht, d'aontaigh 59 faoin gcéad de na freagróirí leis an ráiteas. D'easaontaigh 33 faoin gcéad de na freagróirí leis an ráiteas seo, áfach.
- Bhí deighilt ann idir meon na bhfreagróirí an raibh bainistiú maith á dhéanamh ar an eagraíocht agus bhí 47 faoin gcéad ann a d'aontaigh leis an ráiteas, bhí 40 faoin gcéad ann a d'easaontaigh leis an ráiteas agus dúirt 13 faoin gcéad nach raibh a fhios acu.
- Níor bhraith formhór na bhfreagróirí gur chuir an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil agus bhí 38 faoin gcéad ann a d'aontaigh leis an ráiteas seo, bhí 50 faoin gcéad ann a d'easaontaigh leis agus dúirt 12 faoin gcéad nach raibh a fhios acu.

Thar thréimhse an tsuirbhé bhí méadú ann i leibhéil aontaithe gur eagraíocht nua-aimseartha agus ceannródach í, bhí méadú ann i leibhéil aontaithe go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal chomh maith. Ina dhiaidh sin féin, bhí laghduithe ann sna freagróirí ag aontú go raibh an eagraíocht éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht agus gur chuir an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil.

**Tábla 31: Tuiscintí ar an nGarda Síochána**

| | Aontaím go láidir | Aontaím | Easaontaím | Easaontaím go láidir | Ní fios |
|---|---|---|---|---|---|
| Cairdiúil agus cuidiúil | 14% | 67% | 12% | 3% | 4% |
| Dírithe ar an bpobal | 6% | 55% | 26% | 6% | 7% |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | 5% | 54% | 27% | 6% | 8% |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 4% | 53% | 28% | 8% | 7% |
| Bainistiú maith ann | 4% | 43% | 32% | 8% | 13% |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | 4% | 34% | 36% | 14% | 12% |

**Tábla 32: Tuiscintí ar an nGarda Síochána, athruithe i leibhéil aontaithe**

| | Q1 | Q2 | Q3 | Q4 | Athrú |
|---|---|---|---|---|---|
| Cairdiúil agus cuidiúil | 80% | 81% | 82% | 82% | |
| Dírithe ar an bpobal | 56% | 62% | 64% | 64% | ✱ |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | 55% | 59% | 61% | 59% | ✱ |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 59% | 61% | 58% | 49% | ✱ |
| Bainistiú maith ann | 46% | 47% | 49% | 46% | |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | 39% | 38% | 36% | 37% | |

✱ *Seasann d'athrú tábhachtach a bhí ann go staitistiúil ag 0.05*

## Difríochtaí socheacnamaíocha

Ní raibh aon difríochtaí suntasacha ann i dtaobh éagsúlachtaí idir fir agus mná nó idir náisiúnaigh na hÉireann agus náisiúnaigh nach as Éirinn dóibh de réir a leibhéil aontaithe maidir leis na sé ráiteas (féach ar thábla 33). Bhí roinnt éagsúlachtaí ann de réir aoise, agus leibhéil aontaithe ag méadú de réir mar a théann daoine in aois. De réir aicme shóisialta, bhí leibhéil ní b'airde aontaithe ann i gcás na bhfreagróirí ó aicme shóisialta F leis na ráitis i gcomparáid leis na grúpaí aicme sóisialta eile.

## Difríochtaí tíreolaíocha

Bhí roinnt éagsúlachtaí ann i dtaobh leibhéil aontaithe de réir ceantair thíreolaíocha. Cuirtear miondealú de réir leibhéil aontaithe de réir Réigiúin ar fáil i dtábla 34. Bhí na leibhéil b'airde aontaithe de réir Réigiúin ag Cúige Mumhan (bhí Cúige Mumhan ar bharr ceithre chatagóir agus bhí na leibhéil b'airde aontaithe ann chomh maith i gcomhpháirt le Cúige Chonnacht agus Cúige Uladh sa mhéid gur eagraíocht 'nua-aimseartha agus ceannródach') í. Bhí na leibhéil b'ísle aontaithe ann ag Baile Átha Cliath síos tríd na ráitis (agus an t-aon eisceacht a bhí ann ná an gcuireann an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil, ina raibh na leibhéil b'ísle aontaithe ann i gcás na bhfreagróirí a raibh cónaí orthu sa chuid eile de Chúige Laighean).

Tríd is tríd, bhí leibhéil aontaithe ní b'airde ag na freagróirí sna ceantair tuaithe maidir leis na ráitis ná mar a bhí ag na freagróirí as ceantair chathracha. Ba é an t-aon eisceacht air seo ná na leibhéil aontaithe i gcás an raibh bainistiú maith á dhéanamh ar an eagraíocht (agus sa chás sin fiú ní raibh an difríocht ach aon faoin gcéad idir na freagróirí ó cheantair tuaithe agus ó cheantair uirbeacha, a raibh an leibhéal b'airde aontaithe acu).

Ní raibh aon treocht shoiléir ann idir tuiscintí agus achar ó stáisiún na nGardaí. Ina dhiaidh sin féin, bhí na leibhéil b'ísle aontaithe i gceithre cinn de na sé ráiteas (dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha agus ceannródach, bainistiú maith á dhéanamh air agus seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil) ag daoine a raibh cónaí orthu 10 gciliméadar nó ní ba mhó óna stáisiún Gardaí féin. Ba mhó seans go n-aontódh na freagróirí a raibh cónaí orthu 1 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí leis an ráiteas 'éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht' agus 'seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil'.

**Tábla 33: Tuiscintí ar éifeachtacht agus ar chumas de réir miondealú sochdhéimeagrafacha**

| | Inscne | | Aois | | | | | | Aicme shóisialta: | | | | | Náisiúntacht | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fir | Mná | 18 - 24 | 25 - 34 | 35 - 44 | 45 - 54 | 55 - 64 | 65+ | AB | C1 | C2 | DE | F | Éireannach | Neamh-Éireannach |
| **Cairdiúil agus cuidiúil** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 14% | 15% | 11% | 12% | 14% | 14% | 16% | 20% | 14% | 15% | 15% | 13% | 18% | 14% | 14% |
| Aontaím | 67% | 67% | 63% | 66% | 67% | 69% | 69% | 69% | 71% | 68% | 63% | 66% | 71% | 67% | 65% |
| Easaontaím | 12% | 11% | 16% | 15% | 12% | 10% | 9% | 6% | 10% | 11% | 14% | 12% | 7% | 12% | 10% |
| Easaontaím go láidir | 4% | 3% | 5% | 4% | 3% | 3% | 2% | 2% | 2% | 2% | 4% | 4% | 2% | 3% | 3% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 3% | 5% | 6% | 4% | 4% | 3% | 4% | 4% | - | 4% | 4% | 5% | - | 3% | 7% |
| **Dírithe ar an bpobal** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 6% | 7% | 5% | 6% | 7% | 6% | 7% | 8% | 5% | 7% | 6% | 6% | 8% | 6% | 6% |
| Aontaím | 54% | 55% | 53% | 52% | 53% | 56% | 54% | 60% | 55% | 55% | 52% | 54% | 60% | 54% | 55% |
| Easaontaím | 27% | 25% | 26% | 27% | 27% | 27% | 28% | 21% | 28% | 26% | 28% | 26% | 22% | 27% | 21% |
| Easaontaím go láidir | 7% | 5% | 6% | 7% | 6% | 6% | 5% | 5% | 5% | 6% | 7% | 7% | 5% | 6% | 5% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 6% | 8% | 9% | 9% | 7% | 5% | 5% | 6% | 8% | 6% | 7% | 7% | - | 6% | 12% |
| **Nua-aimseartha agus Ceannródach** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 5% | 5% | 4% | 5% | 5% | 4% | 5% | 6% | 3% | 5% | 6% | 4% | 6% | 5% | 5% |
| Aontaím | 53% | 54% | 52% | 50% | 51% | 56% | 54% | 61% | 52% | 53% | 52% | 54% | 62% | 54% | 51% |
| Easaontaím | 28% | 26% | 26% | 30% | 30% | 28% | 26% | 20% | 31% | 27% | 29% | 26% | 22% | 28% | 23% |
| Easaontaím go láidir | 7% | 6% | 7% | 7% | 8% | 6% | 5% | 5% | 7% | 7% | 6% | 7% | 3% | 7% | 6% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 7% | 9% | 10% | 9% | 7% | 6% | 10% | 9% | 7% | 8% | 7% | 9% | 7% | 7% | 15% |
| **Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 4% | 5% | 5% | 4% | 4% | 5% | 4% | 6% | 4% | 5% | 4% | 5% | - | 4% | 5% |
| Aontaím | 53% | 52% | 50% | 48% | 50% | 54% | 56% | 61% | 51% | 55% | 49% | 52% | 61% | 53% | 48% |
| Easaontaím | 28% | 28% | 28% | 30% | 30% | 29% | 27% | 21% | 29% | 27% | 30% | 27% | 26% | 29% | 23% |
| Easaontaím go láidir | 8% | 7% | 8% | 9% | 7% | 7% | 8% | 6% | 8% | 7% | 8% | 8% | 7% | 8% | 7% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 6% | 8% | 9% | 9% | 9% | 5% | 5% | 6% | 8% | 7% | 8% | 8% | - | 6% | 16% |
| **Bainistiú maith ann** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 4% | 4% | 4% | 4% | 4% | 4% | 5% | 5% | - | 5% | 4% | 4% | - | 4% | 5% |
| Aontaím | 42% | 43% | 44% | 40% | 41% | 40% | 42% | 50% | 39% | 42% | 44% | 42% | 49% | 42% | 45% |
| Easaontaím | 32% | 31% | 31% | 32% | 33% | 35% | 32% | 24% | 34% | 33% | 32% | 30% | 27% | 33% | 24% |
| Easaontaím go láidir | 9% | 7% | 7% | 8% | 9% | 10% | 8% | 7% | 9% | 7% | 9% | 9% | 6% | 9% | 5% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 12% | 15% | 14% | 15% | 12% | 11% | 14% | 14% | 15% | 13% | 11% | 15% | 13% | 12% | 21% |
| **Seirbhís den scoth a chur ar fáil** | | | | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 3% | 4% | - | 3% | 4% | - | 4% | 4% | - | 4% | 4% | 4% | - | 4% | - |
| Aontaím | 34% | 34% | 31% | 32% | 31% | 35% | 34% | 42% | 32% | 35% | 33% | 34% | 36% | 34% | 36% |
| Easaontaím | 36% | 36% | 39% | 37% | 39% | 38% | 36% | 29% | 39% | 37% | 37% | 35% | 35% | 38% | 28% |
| Easaontaím go láidir | 16% | 12% | 13% | 16% | 14% | 14% | 15% | 11% | 14% | 13% | 13% | 15% | 13% | 14% | 12% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 11% | 13% | 14% | 12% | 12% | 10% | 11% | 14% | 12% | 11% | 13% | 13% | 11% | 11% | 20% |

### Tábla 34: Tuiscintí ar éifeachtacht agus ar chumas de réir miondealú tíreolaíoch

| | Réigiún | | | | Uirbeach/Tuaithe | | | Achar go dtí Stáisiún na nGardaí | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Baile Átha Cliath | An chuid eile de Chuige Laighean | Cuige Mumhan | Cuige Chonnacht nó Cuige Uladh | Cathair | Uirbeach eile | Tuaithe | Níos lú ná 1 Km | 1-3 Kms | 3-5 Kms | 5-10 Kms | 10+ Kms |
| **Cairdiúil agus cuidiúil** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 10% | 11% | 22% | 16% | 11% | 16% | 17% | 15% | 15% | 13% | 14% | 14% |
| Aontaím | 68% | 70% | 63% | 66% | 67% | 65% | 69% | 67% | 67% | 66% | 68% | 70% |
| Easaontaím | 15% | 11% | 10% | 10% | 15% | 10% | 9% | 11% | 11% | 13% | 12% | 9% |
| Easaontaím go láidir | 2% | 5% | 2% | 4% | 3% | 4% | 3% | - | 3% | 4% | - | - |
| Ní fios/ Gan tuairim | 5% | 3% | 3% | 4% | 5% | 4% | 3% | 5% | 3% | 3% | 5% | - |
| **Dírithe ar an bpobal** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 3% | 4% | 12% | 6% | 4% | 8% | 8% | 7% | 6% | 7% | 7% | 3% |
| Aontaím | 52% | 54% | 58% | 54% | 52% | 54% | 57% | 55% | 56% | 56% | 53% | 46% |
| Easaontaím | 30% | 29% | 20% | 26% | 29% | 25% | 24% | 24% | 25% | 24% | 29% | 35% |
| Easaontaím go láidir | 6% | 7% | 4% | 8% | 6% | 7% | 5% | 6% | 6% | 7% | 6% | - |
| Ní fios/ Gan tuairim | 9% | 5% | 6% | 7% | 9% | 6% | 5% | 7% | 6% | 6% | 6% | 9% |
| **Nua-aimseartha agus Ceannródach** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 2% | 4% | 8% | 5% | 3% | 6% | 6% | 5% | 4% | 5% | 6% | - |
| Aontaím | 49% | 54% | 55% | 58% | 50% | 55% | 56% | 53% | 55% | 56% | 53% | 48% |
| Easaontaím | 31% | 29% | 22% | 25% | 30% | 26% | 25% | 28% | 27% | 24% | 27% | 33% |
| Easaontaím go láidir | 7% | 8% | 5% | 4% | 7% | 7% | 5% | 6% | 7% | 8% | 5% | - |
| Ní fios/ Gan tuairim | 9% | 6% | 9% | 8% | 10% | 6% | 8% | 8% | 7% | 6% | 9% | 12% |
| **Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 3% | 3% | 8% | 4% | 3% | 6% | 5% | 5% | 4% | 4% | 6% | - |
| Aontaím | 48% | 50% | 55% | 60% | 49% | 53% | 55% | 58% | 54% | 49% | 50% | 55% |
| Easaontaím | 32% | 29% | 24% | 26% | 31% | 25% | 27% | 24% | 28% | 29% | 29% | 30% |
| Easaontaím go láidir | 7% | 12% | 5% | 6% | 7% | 9% | 7% | 6% | 8% | 9% | 9% | - |
| Ní fios/ Gan tuairim | 10% | 6% | 8% | 5% | 10% | 7% | 6% | 7% | 7% | 8% | 6% | 7% |
| **Bainistiú maith ann** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 3% | 3% | 8% | 3% | 3% | 5% | 5% | 5% | 4% | 5% | 5% | 4% |
| Aontaím | 41% | 41% | 46% | 43% | 41% | 44% | 43% | 42% | 44% | 44% | 41% | 35% |
| Easaontaím | 34% | 34% | 26% | 33% | 33% | 30% | 31% | 33% | 32% | 29% | 31% | 37% |
| Easaontaím go láidir | 7% | 12% | 7% | 6% | 8% | 10% | 7% | 8% | 9% | 9% | 8% | 5% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 15% | 11% | 13% | 14% | 14% | 12% | 13% | 12% | 11% | 13% | 15% | 19% |
| **Seirbhís den scoth a chur ar fáil** | | | | | | | | | | | | |
| Aontaím go láidir | 3% | 3% | 6% | 3% | 3% | 5% | 4% | 4% | 3% | 4% | 5% | - |
| Aontaím | 35% | 30% | 35% | 37% | 33% | 33% | 35% | 37% | 33% | 35% | 32% | 33% |
| Easaontaím | 37% | 39% | 31% | 39% | 37% | 36% | 36% | 34% | 38% | 33% | 36% | 43% |
| Easaontaím go láidir | 12% | 19% | 14% | 10% | 14% | 15% | 14% | 14% | 15% | 15% | 14% | 9% |
| Ní fios/ Gan tuairim | 14% | 9% | 14% | 11% | 13% | 12% | 11% | 12% | 11% | 13% | 12% | 12% |

**Tábla 35: Éifeachtacht agus cumas de réir tuiscintí ar an gcoireacht**

| | Náisiúnta | | | | Áitiúil | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Fadhb fhíorthrom-chúiseach í | Fadhb throm-chúiseach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í | Fadhb fhíorthrom-chúiseach í | Fadhb throm-chúiseach í | Fadhb de shórt éigin í | Ní fadhb í |
| Cairdiúil agus cuidiúil | | 82% | 83% | 79% | 74% | 80% | 82% | 84% |
| Dírithe ar an bpobal | | 63% | 62% | 71% | 54% | 61% | 61% | 63% |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | | 60% | 58% | 52% | 50% | 57% | 60% | 61% |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | | 59% | 63% | 60% | 39% | 53% | 59% | 65% |
| Bainistiú maith ann | | 47% | 49% | 58% | 40% | 45% | 47% | 53% |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | | 37% | 45% | 46% | 27% | 34% | 38% | 43% |

## Tuiscintí ar an coireacht

Léiríodh ní ba luaithe sa tuarascáil go raibh leibhéil éagsúla ann ar thuiscintí a bhí ag na freagróirí ar an gcoireacht ina raibh éagsúlachtaí ann go náisiúnta agus go háitiúil. Feictear ar thuiscintí na bhfreagróirí ar an gcoireacht agus ar a leibhéil aontaithe maidir leis na sé ráiteas i dtábla 35.

Ar leibhéal náisiúnta, feicimid go dtagann méadú ar na leibhéil aontaithe i gcás roinnt de na ráitis de réir mar a thagann laghdú ar thuiscintí ar fhadhb na coireachta. Is léir seo sna freagraí i dtaobh an eagraíocht a bheith dírithe ar an bpobal, éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht, bainistiú maith á dhéanamh uirthi agus seirbhís den chéad scoth a chur ar fáil. Feicimid laghdú an-bheag, áfach, sna leibhéil aontaithe i dtaobh an bhfuil an eagraíocht nua-aimseartha agus ceannródach. Is beag éagsúlacht suntasach atá ann sna freagraí ar an ráiteas 'cairdiúil agus cuidiúil'.

Ar leibhéal áitiúil, de réir mar a thagann laghdú ar an tuiscint atá ar fhadhb na coireachta, bíonn na leibhéil aontaithe maidir leis an ráiteas ag dul i méid ag an am céanna. Murab ionann is an pictiúir náisiúnta, tá sé seo seasmhach i gcás na sé ráiteas agus tá méid na difríochta de mhéid ní ba mhó i gcoitinne. Ba é an difríocht ba shuntasaí a bhí ann ná na leibhéil aontaithe maidir leis an raibh an eagraíocht éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht. Tá ardú ó 39 faoin gcéad (i gcás dóibh siúd a fheiceann ar an gcoireacht mar fhadhb thromchúiseach) go 65 faoin gcéad (i gcás dóibh siúd nach bhfeiceann uirthi mar fhadhb) ann.

## Íospairt

Féadfaidh tionchar a bheith ag duine a bheith ina íospartach na coireachta ar mheon an fhreagróra i taobh na heagraíochta. Scrúdaítear leibhéil aontaithe íospartaigh na coireachta agus leibhéil aontaithe daoine nach íospartaigh na coireachta iad sna sé ráiteas. Bhí leibhéil aontaithe ní ba ísle ag íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ag daoine nach raibh ina n-íospartaigh na coireachta. Ba iad na difríochtaí ba shuntasaí a bhí ann i leibhéil aontaithe ná na ceisteanna maidir le bheith dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i dtaobh dul i ngleic le coireacht.

**Tábla 36: Tuiscintí ar éifeachtacht agus ar chumas de réir íosparta**

| | Taithí na Coireachta | |
|---|---|---|
| | Íospairt na Coireachta | Ní íospairt na coireachta an duine |
| Cairdiúil agus cuidiúil | 73% | 83% |
| Dírithe ar an bpobal | 48% | 63% |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | 48% | 60% |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 45% | 59% |
| Bainistiú maith ann | 37% | 48% |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | 28% | 39% |

**Tábla 37: Tuiscintí ar éifeachtacht agus ar chumas de réir sásamh maidir le soláthar seirbhíse**

| | Leibhéil sásaimh | | | |
|---|---|---|---|---|
| | An-sásta | Réasúnta sásta | Réasúnta mísásta | An-mhísházta |
| Cairdiúil agus cuidiúil | 95% | 89% | 65% | 46% |
| Dírithe ar an bpobal | 88% | 70% | 34% | 15% |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | 78% | 65% | 39% | 25% |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 84% | 65% | 33% | 21% |
| Bainistiú maith ann | 74% | 53% | 25% | 13% |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | 68% | 40% | 19% | 10% |

## Sásamh maidir le soláthar seirbhíse

Ní ba luaithe sa tuarascáil seo chonaiceamar go raibh formhór na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil cé go raibh mionlach suntasach ann nach raibh. Scrúdaítear sásamh i dtaobh soláthar seirbhíse i dtábla 37 agus meon na bhfreagróirí i dtaobh an Gharda Síochána. Tá patrún soiléir ann - de réir mar a théann sásamh i dtaobh soláthar seirbhíse i méid sa phobal áitiúil feicimid go dteann leibhéil aontaithe le gach ceann de na sé ráiteas i méid ag an am céanna.

## Muinín

Mar a tugadh faoi deara ní ba luaithe sa chuid seo, bhí éagsúlachtaí ann i leibhéil na muiníne. Scrúdaítear leibhéil muiníne agus aontaithe leis na sé ráiteas i dtábla 38. Mar a tharla i gcás sásamh maidir le soláthar seirbhíse don phobal áitiúil feicimid de réir mar a théann leibhéil muiníne i méid go dtéann aontú leis na sé ráiteas i méid ag an am céanna.

**Tábla 38: Tuiscintí ar éifeachtacht agus ar chumas de réir muiníne**

| | Muinín | | |
|---|---|---|---|
| | Ardmhu-inín | Meánm-huinín | Muinín íseal |
| Cairdiúil agus cuidiúil | 96% | 82% | 39% |
| Dírithe ar an bpobal | 78% | 58% | 23% |
| Nua-aimseartha agus ceannródach | 76% | 54% | 23% |
| Éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht | 78% | 52% | 15% |
| Bainistiú maith ann | 67% | 41% | 11% |
| Seirbhís den scoth a chur ar fáil | 59% | 28% | 9% |

## Achoimre

**Fiafraigh de na freagróirí faoin tuiscint a bhí acu ar an eagraíocht. Bhí sciar suntasach de na freagróirí ann a d'aontaigh gur eagraíocht chairdiúil chuidiúil í. D'aontaigh formhór na bhfreagróirí chomh maith go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal, éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht agus gur eagraíocht nua-aimseartha ceannródach í. Ina dhiaidh sin féin, i ngach cás d'easaontaigh thart ar aon trian de na bhfreagróirí. Níor aontaigh ach mionlach de na freagróirí gur chuir an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil agus bhí deighilt ann i dtaobh na dtuairimí an raibh bainistiú maith á dhéanamh ar an eagraíocht.**

**Bhí roinnt éagsúlachtaí ann i dtaobh leibhéil aontaithe de réir aoise, aicme shóisialta:**

- **Bíonn leibhéil aontaithe ag méadú de réir a chéile mar a théann daoine in aois.**
- **Bhí leibhéil ní b'airde aontaithe ann i gcás na bhfreagróirí ó aicme shóisialta F leis na ráitis i gcomparáid leis na grúpaí aicme sóisialta eile.**
- **I gcoitinne, bhí na leibhéil aontaithe b'airde ag Cúige Mumhan de réir Réigiúin fad agus a bhí na leibhéil b'ísle aontaithe ag Baile Átha Cliath síos tríd na ráiteas.**
- **Tríd is tríd, bhí leibhéil aontaithe ní b'airde ag na freagróirí sna ceantair tuaithe maidir leis na ráitis ná mar a bhí ag na freagróirí as ceantair cathracha.**
- **Bhí na leibhéil b'ísle aontaithe i gceithre cinn de na sé ráiteas ag daoine a raibh cónaí orthu 10 gciliméadar nó ní ba mhó óna stáisiún Gardaí.**

**Rinneadh anailís ar thuiscintí ar an eagraíocht de réir na bpríomhcheisteanna eile a fiafraíodh sa suirbhé. Léirigh í seo:**

- **De réir mar a thagann laghdú ar an tuiscint ar fhadhb na coireachta, feicimid leibhéil aontaithe maidir leis an ráiteas ag dul i méid ag an am céanna.**

- De réir mar a thagann méadú ar shásamh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil, feicimid leibhéil aontaithe sna ráitis ag dul i méid chomh maith.
- Bhí leibhéil aontaithe ní b'ísle ag íospartaigh na coireachta maidir leis na ráitis, go háirithe i gcás na heagraíochta a bheith dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht.
- De réir mar a thagann méadú ar leibhéil na muiníne feicimid méaduithe ann chomh maith i dtaobh leibhéil aontaithe maidir leis na sé ráiteas.

# Achoimre

**Fiafraíodh de na freagróirí sa suirbhé chomh maith faoi na tuiscint a bhí acu ar an gcoireacht; a dtaithí féin ar an íospairt agus dearcadh íospartaigh na coireachta faoin tseirbhís a fuair siad ón nGarda Síochána; sásamh maidir leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil; cén cineálacha coire ar mhaith leis na freagróirí go ndíreodh an eagraíocht air; muinín na bhfreagróirí san eagraíocht, agus na tuiscintí ar an eagraíocht.**

## Tuiscintí ar an gcoireacht

Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoi na tuiscintí ar an gcoireacht in Éirinn dúirt mórchuid shuntasach gur fhadhb fhíorthromchúiseach nó gur fadhb thromchúiseach í. Ina dhiaidh sin féin, nuair a fiafraíodh díobh faoin gcoireacht go háitiúil tháinig laghdú suntasach ar an sciar a dúirt gur fhadhb thromchúiseach í.

Ar leibhéal náisiúnta, dúirt 31 faoin gcéad de na freagróirí gur fhadhb fhíorthromchúiseach í an choireacht, 45 faoin gcéad gur fadhb thromchúiseach í, 19 faoin gcéad gur fhadhb de shórt éigin í agus 2 faoin gcéad nach fadhb í. Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht ina gceantar áitiúil féin, bhí 7 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb fhíorthromchúiseach í, 24 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb thromchúiseach í, 46 faoin gcéad den tuairim gur fhadhb de shórt í agus dúirt 21 faoin gcéad nach fadhb í.

Bhí roinnt éagsúlachtaí ann maidir leis seo: Ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil:

- Bhí rud beag ní ba mhó seans ann go ndéarfadh na mná gur fhadhb í an choireacht i gcomparáid leis na fir.
- De réir mar a théann na daoine in aois is mó seans go ndéarfadh na freagróirí gur fhadhb í an choireacht ar bhonn náisiúnta.
- Bhí roinnt aicmí sóisialta ann gur lú seans go ndéarfaidís gur fhadhb í an choireacht (aicme shóisialta AB) fad agus a bhí aicmí shóisialta eile ann gur mhó seans go ndéarfaidís gur fhadhb í (aicme shóisialta F).
- Ba mhó seans go ndéarfadh náisiúnaigh na hÉireann gur fhadhb thromchúiseach í an choireacht ná náisiúnaigh nach as Éirinn iad.

Bhí na difríochtaí a tugadh faoi deara thuas ní b'fheiceálaí i gcoitinne ar leibhéal náisiúnta ná mar a bhí ar leibhéal áitiúil.

Bhí difríochtaí tíreolaíocha ann chomh maith. Nuair a fiafraíodh díobh faoin gcoireacht in Éirinn:

- Ba mhó seans i gcás freagróirí as Cúige Mumhan agus freagróirí as Cúige Laighean (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) go bhfeicfidís ar an gcoireacht mar fhadhb fhíorthromchúiseach go náisiúnta ná na freagróirí ó Bhaile Átha Cliath.
- Ba mhó i bhfad an tseans go mbraithfeadh freagróirí tuaithe agus freagróirí uirbeacha eile gur fhadhb thromchúiseach í an choireacht in Éirinn i gcomparáid leis na freagróirí a raibh cónaí orthu sa chathair.
- I gcás dóibh siúd a raibh cónaí orthu laistigh de 3 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí thuairiscigh siad tuiscintí ní ba ísle ar leibhéil na coireachta mar fhadhb i gcomparáid leis na daoine sin a raibh cónaí orthu 10 gciliméadar nó níos mó ó stáisiún na nGardaí.

Nuair a fiafraíodh de na freagróirí faoin gcoireacht go háitiúil,

- Ba mhó seans go bhfeicfeadh na freagróirí as Cúige Laighean (lasmuigh de Bhaile Átha Cliath) ar an gcoireacht mar fhadhb go háitiúil agus ba lú seans go ndéanfadh na freagróirí as Cúige Chonnacht/ Cúige Uladh amhlaidh.
- Ba mhó seans go bhfeiceadh freagróirí as ceantair uirbeacha eile ar an gcoireacht mar fhadhb ná freagróirí ó cheantair cathracha agus ó cheantair tuaithe.
- Dá mhéad achar a bhfuil cónaí ar an bhfreagróir ó stáisiún na nGardaí is ea is lú seans go bhfeiceann siad ar an gcoireacht mar fhadhb.

## Íospairt

Bhí 682 fhreagróir ina n-íospartach na coireachta le 12 mhí anuas. Léiríonn é seo ráta íosparta de 11% laistigh den sampla. De 682 íospartach na coireachta bhí 75 díobh siúd ina n-íospartaigh an athuair. Ba í an eachtra ba choitianta ná buirgléireacht (a raibh taithí ag 25% den sampla uirthi) ina dhiaidh sin tháinig damáiste coiriúil, ionsaí, rothar a goideadh, gadaíocht eile (seachas rud a ghoid ó dhuine nó rud a ghoid ó fheithicil), agus ansin carr a goideadh. Níor thuairiscigh gach eachtra don Gharda Síochána (bhí ráta tuairiscithe 75% ann). Ar na heachtraí ba mhó seans go dtuairisceofaí do na Gardaí iad bhí carr a goideadh, buirgléireacht agus robáil ó réadmhaoin. Ar na heachtraí ba lú seans go dtuairisceofaí iad bhí calaois ar líne agus calaois.

Bhí formhór íospartaigh na coireachta (57%) sásta faoin mbealach ar láimhseáil an Garda Síochána an eachtra. Bhí sciar suntasach ann nach raibh (41%), áfach. Bhí roinnt éagsúlachtaí ann laistigh de sin:

- Bhí mná ní ba shásta ná na fir.
- De réir mar a chuaigh daoine in aois tháinig méadú ar sciar na bhfreagróirí a dúirt go raibh siad sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil.

Nuair a fiafraíodh díobh faoina dtaithí ar an gcoir a thuairisciú, dúirt formhór íospartaigh na coireachta gur tháinig na Garda chuig an eachtra gan mhoill agus gur tugadh sonraí na nGardaí chomh maith le sonraí stáisiún áitiúil na nGardaí dóibh. Ina dhiaidh sin féin, bhí bearnaí ann i dtaobh soláthar seirbhíse. Ba iad na réimsí arbh údar imní iad:

- Níor chuimhnigh ach thart ar aon trian de na freagróirí uimhir PULSE/ uimhir choireachta a fháil.
- Ar an mbealach céanna, fuair aon trian de na freagróirí eolas maidir le línte cabhracha agus seirbhísí cabhracha íospartaigh.
- Bhí sciar suntasach ann a bhraith i gcás an t-eolas a fuair siad faoi dhul chun cinn an fhiosrúcháin nach raibh a dhóthain eolais ann nó nach bhfuair siad eolas ar bith.

Ba mhó seans go bhfeicfeadh íospartaigh na coireachta ar an gcoireacht mar fhadhb fhíorthromchúiseach nó mar fhadhb thromchúiseach ina gceantar áitiúil ná daoine nach íospartaigh na coireachta iad (cé nach raibh mórán difríochta suntasaí ann ar leibhéil náisiúnta).

## Sásamh maidir le soláthar seirbhíse a cuireadh ar fáil don phobal áitiúil.

Fiafraíodh de na freagróirí sa suirbhé chomh maith faoina sásamh maidir leis an tseirbhís a chuir an Garda Síochána ar fáil don phobal áitiúil. Bhí formhór na bhfreagróirí sásta, agus dúirt 16 faoin gcéad go raibh siad an-sásta agus dúirt 54 faoin gcéad go raibh siad réasúnta sásta. Ní raibh ach díreach faoi aon cheathrú de na freagróirí ann nach raibh sásta, agus 18 faoin gcéad á rá go raibh siad réasúnta míshásta agus 5 faoin gcéad á rá go raibh siad an-mhíshásta.

Cé go raibh formhór na bhfreagróirí sásta leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil, bhí roinnt éagsúlachtaí ann sna leibhéil sásaimh de réir fachtóirí sochdhéimeagrafacha agus fachtóirí tíreolaíocha.

- Tagann méadú ar leibhéil sásaimh de réir mar a théann daoine in aois.
- Ba mhó seans go mbeadh leibhéil ní b'airde míshástachta ag náisiúnaigh na hÉireann ná mar a bhí ag náisiúnaigh nárbh as Éirinn dóibh.
- Bhí éagsúlachtaí Réigiúnacha ann, bhí na leibhéil b'airde sásaimh ann i gCúige Mumhan agus bhí na leibhéil b'ísle ann i mBaile Átha Cliath.
- Bhí leibhéil ní b'airde sásaimh ann sna ceantair uirbeacha eile agus ceantair tuaithe ná mar a bhí ann i measc na bhfreagróirí as ceantair tuaithe.
- Ba mhó seans go ndéarfadh freagróirí a raibh cónaí orthu laistigh de 3 chiliméadar ó stáisiún na nGardaí go raibh siad an-sásta i gcomparáid leo siúd a raibh cónaí orthu achar ní b'fhaide ón stáisiún.

Bhí éagsúlachtaí ann chomh maith i dtaobh leibhéil sásaimh a bhain le tuiscintí ar an gcoireacht go háitiúil agus tuiscintí ar an íospairt. De réir mar a tháinig feabhas ar thuiscintí ar an gcoireacht chonaiceamar gur tháinig méadú ar shásamh maidir leis an tseirbhís a cuireadh ar fáil sa phobal áitiúil chomh maith. Ina theannta sin, tá leibhéil níos ísle sásaimh ag íospartaigh na coireachta i gcomparáid le daoine nach íospartaigh na coireachta iad sa tseirbhís a chuirtear ar fáil sa phobal áitiúil.

## Tosaíochtaí

Nuair a bhristear na freagraí síos ar bhonn ard, ar bhonn meán agus ar bhonn íseal ba léir gur mhaith leis na freagróirí go ndíreodh an Garda Síochána ar choireanna in aghaidh an duine le béim ar leith á chur ar chionta gnéis. Beag beann ar an inscne, aois, aicme shóisialta nó náisiúntacht chreid freagróirí gur cheart cionta gnéis a bheith mar phríomhthosaíocht ag an nGarda Síochána. Ar an mbealach céanna, síos tríd gach cineáil réimse ba iad cionta ghéis a rangaigh na freagróirí mar phríomhthosaíocht chun an Garda Síochána le díriú uirthi. Bhí seasmhacht ann chomh maith i gcás na dtrí thosaíocht a bhí ag an mbun thar na grúpaí: damáiste coiriúil, cionta tráchta agus cionta oird phoiblí.

De réir na bhfachtóirí eile a ndearnadh iniúchadh orthu, chonaiceamar scéal den chineál céanna ag teacht chun solais.

- I gcás dóibh siúd a bhí den tuairim gur fhadhb thromchúiseach í an choireacht go dtí na daoine nach raibh den tuairim gur fhadhb í, ba í an phríomhthosaíocht a bhí ann ná cionta gnéis. Ina dhiaidh sin féin, i gcás na ndaoine a bhí den tuairim gur fhadhb thromchúiseacha í an choireacht, is í an robáil an phríomhthosaíocht ina dhiaidh sin tagann cionta gnéis.
- Aithníonn íospartaigh na coireachta agus daoine nach íospartaigh na coireachta iad araon go bhfuil cionta gnéis an phríomhthosaíocht a bhfuil acu chun go ndíreoidh an Garda Síochána uirthi.
- Ba chosúil nach raibh aon tionchar ag an gcineáil íosparta a bhí ann, i gcás buirgléireachta agus damáiste cóiriúil amháin, ar thosaíocht a thabhairt don saghas coire a bhí ann.

## Muinín

Bhí meánleibhéal muiníne go hardleibhéal muiníne sa Gharda Síochána ag ochtó a cúig faoin gcéad de na freagróirí. Cé gur léirigh gach grúpa meánleibhéil go hardleibhéil muiníne sa Gharda Síochána bhí éagsúlachtaí ann sna leibhéil:

- Bhí leibhéil muiníne rud beag ní b'airde ag na mná ná mar a bhí ag na fir.
- Tháinig méadú ar leibhéil muiníne de réir mar a théann daoine in aois.
- Bhí na leibhéil ba shuntasaí ardmhuiníne ag aicme shóisialta F agus, le hais na n-aicmí sóisialta eile, C2 agus DE agus leibhéil ní b'ísle (cé go raibh sé seo ag 83 faoin gcéad meánleibhéal muiníne go hardleibhéal muiníne).
- Bhí ardleibhéil muiníne a bhí measartha ní b'airde (47%) i gCúige Mumhan i gcomparáid le Réigiúnacha eile bhí na leibhéil b'ísle ag Baile Átha Cliath.
- Thuairiscigh na freagróirí i gceantair tuaithe agus i gceantar uirbeacha eile leibhéil ní b'airde ardmhuiníne ná dóibh siúd sna cathracha.

Is cosúil go bhfuil baint ag an muinín le roinnt de na fachtóirí eile a clúdaíodh sa suirbhé chomh maith.

- De réir mar a théann tuiscintí ar an gcoireacht i bhfeabhas, agus níos mó freagróirí á rá nach fadhb í, téann leibhéil muiníne i méid chomh maith ag an am céanna. Tá an ceangal seo i bhfad níos láidre ar leibhéal áitiúil ná mar atá ar leibhéal náisiúnta.
- De réir mar a thagann méadú ar shásamh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil sa phobal áitiúil, feicimid leibhéil muiníne ag dul i méid ag an am céanna.
- Bhí leibhéil laghdaithe ardmhuiníne agus leibhéil ní b'airde muiníne ísle ag íospartaigh na coireachta ná mar a bhí ag daoine nach íospartaigh na coireachta iad. D'fhan leibhéil meánmhuiníne mar an gcéanna.

## Tuiscintí ar an nGarda Síochána

Bhí sciar suntasach de na freagróirí ann a d'aontaigh gur eagraíocht chairdiúil chuidiúil í. D'aontaigh formhór na bhfreagróirí chomh maith go raibh an eagraíocht dírithe ar an bpobal, éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht agus gur eagraíocht nua-aimseartha ceannródach í. Ina dhiaidh sin féin, i ngach cás d'easaontaigh thart ar aon trian de na bhfreagróirí leis seo. Níor aontaigh ach mionlach de na freagróirí gur chuir an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil agus bhí deighilt ann i dtaobh an raibh bainistiú maith á dhéanamh ar an eagraíocht.

Bhí éagsúlachtaí socheacnamaíocha ann chomh maith le héagsúlachtaí tíreolaíocha:

- Chuaigh leibhéil aontaithe i méid de réir mar a théann daoine in aois.
- Bhí leibhéil ní b'airde aontaithe ann i gcás na bhfreagróirí ó aicme shóisialta F maidir leis na ráitis i gcomparáid leis na grúpaí aicme sóisialta eile.
- Bhí na leibhéil b'airde aontaithe de réir Réigiúin ag Cúige Mumhan (bhí Cúige Mumhan ar bharr ceithre chatagóir agus bhí na leibhéil b'airde aontaithe ag Cúige Mumhan mar aon le Cúige Chonnacht agus Cúige Uladh sa mhéid go raibh an eagraíocht 'nua-aimseartha agus ceannródach'). Bhí na leibhéil b'ísle aontaithe ag Baile Átha Cliath síos tríd na ráiteas (an t-aon eisceacht a bhí ann ná an gcuireann an eagraíocht seirbhís den chéad scoth ar fáil, ina raibh na leibhéil b'ísle aontaithe ann i gcás na bhfreagróirí a raibh cónaí orthu sa chuid eile de Chúige Laighean).
- Tríd is tríd, bhí leibhéil ní b'airde aontaithe ag na freagróirí sna ceantair tuaithe maidir leis na ráitis ná mar a bhí ag na freagróirí as ceantair cathracha.
- Ní raibh aon treocht shoiléir ann idir tuiscintí a bhí ann agus achar ó stáisiún na nGardaí. Ina dhiaidh sin féin, bhí na leibhéil b'ísle aontaithe ann i gceithre cinn de na sé ráiteas (dírithe ar an bpobal, nua-aimseartha agus ceannródach, bainistiú maith á dhéanamh ar an eagraíocht agus seirbhís den chéad scoth) ag daoine a raibh cónaí orthu 10 gciliméadar nó ní ba mhó óna stáisiún Gardaí féin.

Bhí na tuiscintí ar an eagraíocht bainteach leis na réimsí eile a clúdaíodh sa suirbhé chomh maith:

- De réir mar a laghdaíonn na tuiscintí ar fhadhb na coireachta, téann na leibhéil aontaithe maidir leis an ráiteas i méid.
- De réir mar a thagann méadú ar shásamh maidir leis an tseirbhís a chuirtear ar fáil don phobal áitiúil, téann leibhéil aontaithe sna ráitis i méid.
- Bhí leibhéil aontaithe ní b'ísle ag íospartaigh na coireachta maidir leis na ráitis, go háirithe i gcás an eagraíochta a bheith dírithe ar an bpobal agus éifeachtach i dtaobh dul i ngleic leis an gcoireacht.
- De réir mar a théann leibhéil na muiníne i méid is amhlaidh a théann leibhéil aontaithe maidir leis na sé ráiteas i méid.